RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1618 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Lúnasa 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha le púdar miotalach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an Bunrialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus na bearta atá i bhfeidhm

(1) De réir Rialachán na Comhairle (CEE) Uimh. 2737/90 ([2])C, d'fhorchuir an Chomhairle dleacht chinntitheach fhrithdhumpála 33% ar allmhairí de chairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('PRC', 'an tSín' nó 'an tír lena mbaineann') ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, tabharfar 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta air. De réir Chinneadh 90/480/CEE ([3]) ón gCoimisiún, ghlac an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') leis na gealltanais a thug dhá onnmhaireoir mhóra i leith an táirge faoi réir beart.

(2) Tar éis aistarraingt na ngealltanas ag an dá onnmhaireoir Shíneacha lena mbaineann, trí Rialachán (CE) Uimh. 610/95 ([4]) ón gComhairle, Rialachán leasaithe (CEE) Uimh. 2737/90 agus sa chaoi gurbh infheidhme as sin amach dleacht chinntitheach 33% chomh maith ar chairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite arna onnmhairiú chuig an Aontas ag na honnmhaireoirí sin.

(3) I ndiaidh athbhreithniú éaga, trí Rialachán (CE) Uimh. 771/98 ón gComhairle ([5]), cuireadh síneadh leis na bearta bunaidh ar feadh cúig bliana eile.

(4) I ndiaidh athbhreithniú éaga, trí Rialachán (CE) Uimh. 2268/2004 ([6]) ón gComhairle, chuir an Coimisiún síneadh leis na bearta bunaidh ar feadh cúig bliana eile.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch 21.

([2]) Rialachán (CEE) Uimh. 2737/90 ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 1990 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de chairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena ndéantar an dleacht shealadach a forchuireadh a bhailiú go cinntitheach (IO L 264, 27.9.1990, lch 7).

([3]) Cinneadh 90/480/CEE ón gCoimisiún an 24 Meán Fómhair 1990 ina nglactar le gealltanais a thug roinnt onnmhaireoirí i gcomhthéacs an phróisis fhrithdhumpála maidir le hallmhairí cairbíd tungstain agus cairbíd tungstain comhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus ag foirceannadh an imscrúdaithe i leith na n-onnmhaireoirí i gceist (OJ L 264, 27.9.1990, lch 59).

([4]) Rialachán (CE) Uimh. 610/95 ón gComhairle an 20 Márta 1995 a leasaíonn Rialacháin (CEE) Uimh. 2735/90, (CEE) Uimh. 2736/90 agus (CEE) Uimh. 2737/90 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí mianta tungstain agus tiúcháin díobh, ocsaíd thungstach, aigéad tungstach, cairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, ag bailiú na méideanna a fuarthas go cinntitheach trí mheán dleacht fhrithdhumpála shealadach a fhorchuirtear i Rialachán (CE) Uimh. 2286/94 ón gCoimisiún (IO L 64, 22.3.1995, lch 1).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 771/98 ón gComhairle an 7 Aibreán 1998 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 111, 9.4.1998, lch 1).

([6]) Rialachán (CE) Uimh. 2268/2004 ón gComhairle an 22 Nollaig 2004 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 395, 31.12.2004, lch 56).

(5) Trí Rialachán (CE) Uimh. 1275/2005 ([7]) ón gComhairle632, leasaigh an Chomhairle sainmhíniú an táirge ionas go gclúdódh sé cairbíd tungstain measctha go simplí le púdar miotalach freisin.

(6) Trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 287/2011 ([8]) ón gComhairle636, i ndiaidh athbhreithniú éaga de réir Airteagal 11(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle ([9]), chuir an Chomhairle síneadh eile 5 bliana leis na bearta.

(7) Trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/942 ón gCoimisiún ([10]), leathnaigh an Coimisiún na bearta frithdhumpála ar allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain comhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha le púdar miotalach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ar feadh 5 bliana eile, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) den Bhunrialachán ('an t-athbhreithniú éaga roimhe sin').

1.2. **Iarraidh ar athbhreithniú éaga**

(8) Tar éis fógra a fhoilsiú maidir le dul in éag atá le tarlú ([11]), fuair an Coimisiún iarratas ar athbhreithniú ('an t-iarratas') de bhun Airteagal 11(2) den Bhunrialachán.

(9) An 25 Feabhra 2022, rinne Global Tungsten & Powders spol. s.r.o., H.C. Starck Tungsten GmbH, Tikomet Oy, Treibacher Industrie AG, Umicore Specialty Powders France agus Wolfram Bergbau und Hütten AG ('na hiarratasóirí') an t-iarratas a chur isteach thar ceann thionscal an Aontais i leith cairbíd tungstain, cairbíd tungstain chomhleáite agus cairbíd tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach, de réir bhrí Airteagal 5(4) den Bhunrialachán. Tá an t-iarratas bunaithe ar an bhforas gur dócha go leanfar den dumpáil agus den díobháil do thionscal an Aontais nó go dtarlóidh siad arís de thoradh dhul in éag na mbeart.

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(10) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 15(1) den Bhunrialachán, gur leor an fhianaise a bhí ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain sé athbhreithniú éaga, an 1 Meitheamh 2022, maidir le hallmhairí cairbíd tungstain, cairbíd tungstain chomhleáite agus cairbíd tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach de thionscnamh PRC ar bhonn Airteagal 11(2) den Bhunrialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([12]) ('an Fógra Tionscnaimh').

1.4. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(11) Leis an imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, cumhdaíodh an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe'). Chlúdaigh an t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha don mheasúnú ar an dóchúlacht go dtarlóidh an díobháil arís an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse an imscrúdaithe athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

([7]) Rialachán (CE) Uimh. 1275/2005 ón gComhairle an 26 Iúil 2005 a leasaíonn Rialachán (CE) Uimh. 2268/2004 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 202, 3.8.2005, lch 1).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 287/2011 ón gCoimisiún an 21 Márta 2011 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíd tungstain, cairbíd tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach agus cairbíd tungstain chomhleáite de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 1225/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO R 78, 24.3.2011, lch 1).

([9]) Rialachán (CE) Uimh. 1225/2009 ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le cosaint i gcoinne allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Chomhphobal Eorpach iad (IO L 343, 22.12.2009, lch 51). Tá an Rialachán seo códaithe ag an mBunrialachán.

([10]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/942 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cairbíd tungstain, cairbíd tungstain chomhleáite agus cairbíd tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 142, 2.6.2017, lch 53).

([11]) Fógra maidir le dul in éag bearta áirithe frithdhumpála atá le tarlú (IO C 354, 3.9.2021, lch 2).

([12]) Fógra tionscnaimh maidir le hathbhreithniú éaga ar na bearta frithdhumpála is infheidhme maidir le hallmhairí cairbíd tungstain, cairbíd tungstain chomhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO C 217, 1.6.2022, lch 17).

1.5. **Páirtithe leasmhara**

(12) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún na hiarratasóirí ar an eolas go sonrach faoi thionscnamh an athbhreithnithe éaga, mar aon le táirgeoirí aitheanta eile de chuid an Aontais, táirgeoirí aitheanta an PRC agus údaráis an PRC, allmhaireoirí agus úsáideoirí aitheanta, chomh maith le comhlachais, ar fios iad a bheith bainteach, agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach ann.

(13) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

(14) Tionóladh éisteacht amháin le húsáideoir.

1.6. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(15) Fuarthas barúlacha ó thrí tháirgeoir Shíneacha, ba iad sin Chongyi Zhangyuan Tungsten Co., Ltd. ('Zhangyuan Tungsten'), Guangdong Xianglu Tungsten Co., Ltd. ('Xianglu Tungsten'), Xiamen Golden Egret Special Alloy (H.C.) Co., Ltd. ('Golden Egret'). D'fhreagair na hiarratasóirí do na maímh a d'ardaigh na trí tháirgeoir Shíneacha freisin.

(16) Thug an Coimisiún faoi deara gur chuir na tairgeoirí Síneacha seo a maímh isteach beagnach trí mhí i ndiaidh an spriocdháta do pháirtithe barúlacha a thairiscint ar an iarratas gan aon údar a bheith leo (.i., ar an 26 Meán Fómhair 2022). Mar sin féin, a mhéid ab fhéidir, thug an Coimisiún aghaidh ar na maímh sin ar bhonn eisceachtúil.

(17) Mhaígh Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret go raibh easpa fianaise ag baint leis an iarratas a thacaigh leis an dóchúlacht go leanfaí leis an dumpáil.

(18) Chuir an Coimisiún in aghaidh an mheasúnaithe seo agus shíl sé go raibh na ceanglais maidir le himscrúdú a thosú comhlíonta. Léiríodh san anailís a rinneadh ar an iarraidh go raibh dóthain fianaise ann ag céim an tionscanta a léiríonn an dóchúlacht go leanfaí leis an dumpáil nó go gcuirfí tús léi arís dá mba rud é go ligfí do na bearta frithdhumpála a bhaineann le hallmhairí ón tSín dul in éag. Chuir na hiarratasóirí fianaise isteach gur leosan fós sciar suntasach de na hallmhairí iomlána, mar aon le sciar suntasach de mhargadh an Aontais, cé gur tháinig laghdú ar allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ó 2018 i leith. Bhunaigh na hiarratasóirí a n-anailís, ní hamháin ar an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne, ach ar iompar éagórach praghsála Dhaon-Phoblacht na Síne ar mhargaí eile. I leith an phraghais onnmhairiúcháin, bhain an iarraidh ar athbhreithniú éaga úsáid as trí mhodh, i.e. meánphraghas allmhairiúcháin na Síne ar leibhéal TARIC, meánphraghas onnmhairiúcháin táirge choibhéisigh ón tSín mar a fhoilsítear i dTuarascáil Argus Metal atá ar fáil go poiblí agus meánphraghas onnmhairiúcháin na Síne chuig gach tríú tír. Fuarthas go raibh bunús leordhóthanach leis na trí mhodh sin chun an caighdeán dlíthiúil a chomhlíonadh ag an gcéim tionscnamh. Mar gheall air sin, diúltaíodh do na maímh nár chuir an t-iarratas go leor fianaise ar fáil.

(19) Mhaígh Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret go raibh easpa fianaise ag baint leis an iarratas maidir le saobhadh foriomlán na hearnála tungstain agus praghsanna ionchuir sa tSín. De réir na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin seo, níor lean saobhadh margaidh go huathoibríoch úinéireacht an stáit *per se*. Chomh maith leis sin, mhaígh na trí tháirgeoir Shíneacha go raibh an líomhain san iarratas maidir le húinéireacht an stáit, rialú, srianta, idirghabháil rialtais, a bhfuil saobhadh praghsanna mar thoradh líomhainte orthu, amhantrach. Chomh maith leis sin, mhaígh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha nach raibh go leor fianaise san iarratas chun a chruthú go raibh na praghsanna amhábhar saofa trí idirghabháil ag an rialtas. D'áitigh siad fosta go raibh an dá mhaíomh seo a leanas ag teacht salach ar a chéile san iarratas: (i) go raibh smacht ag an tSín ar bhreis is 60% de chúltaiscí mianta tungstain an domhain, gur tháirg sí 80% d'aischur an domhain, gur fhorchuir sí srianta ar onnmhairí agus gur eisigh sí ceadúnais d'fhiontair faoi úinéireacht an stáit; agus (ii) ina ainneoin sin, go raibh an tSín páirteach go fóill sa phróiseas tairisceana ar mhargaí dramh-mhiotail an Aontais chun praghsanna dramh-mhiotail a ardú go dtí nó os cionn phraghsanna Paratungstáit Amóiniam ('PTA') na Síne. Ar deireadh, d'aitigh na trí tháirgtheoir onnmhairiúcháin Shíneacha go raibh buntáiste iomaíoch nádúrtha ag an tSín ó thaobh chúltaiscí tungstain agus (i) gur oibrigh srianta agus ceadúnais onnmhairiúcháin eisithe d'fhiontair atá faoi úinéireacht Stáit i bhfabhar sholáthar chuig margadh an Aontais toisc go gcosnaíonn siad cobhsaíocht agus infhaighteacht an tsoláthair, (ii) go raibh mar chuspóir acu acmhainní mianracha sa tSín a chosaint agus a dhaingniú, agus (iii) eisíodh ceadúnais onnmhairiúcháin beag beann ar stádas na gcuideachtaí tairbheacha mar chuideachtaí faoi úinéireacht an stáit nó eile.

(20) Ina leith sin, chuir an Coimisiún san áireamh go leagann Airteagal 2(6a)(d) den Bhunrialachán amach gur féidir le tionscal an Aontais, agus é ag cur iarratas ar athbhreithniú isteach i comhréir le hAirteagal 11 den Bhunrialachán, brath ar fhianaise Dhoiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin ar shaobhadh suntasach i ngeilleagar an PRC chun críche imscrúduithe cosanta trádála, agus é ag comhlíonadh chaighdeán na fianaise i gcomhréir le hAirteagal 5 (9) den Bhunrialachán, chun údar a thabhairt le ríomh an ghnathluacha. Chuir na hiarratasóirí fianaise isteach chomh maith go n-idirghabhálann Rialtas na Síne ('RnaS') in earnáil na cairbíde tungstain agus gur thoradh air sin ná saobhadh mór i gcoitinne agus i leith fhachtóirí táirgthe sonraithe agus chostais do tháirgeoirí cairbíd tungstain. Níor thug aon cheann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha aon fhaisnéis a cheisteodh an fhianaise seo. Chomh maith leis sin, níor mhínigh na páirtithe seo cén chaoi a raibh na ráitis luaite in aithris (19) ag teacht salach ar a chéile. Mar gheall air sin, shíl an Coimisiún go raibh na hiarratasóirí tar éis fianaise leordhóthanach a chur ar fáil san iarratas i dtaobh shaobhadh na hearnála tungstain agus phraghsanna amhábhar, ag tabhairt údar maith le tionscnamh an athbhreithnithe reatha. Dá bhrí sin, diúltaíodh do na maímh sin.

(21) D'aitigh Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret chomh maith nach raibh fianaise leordhóthanach san iarratas lena chruthú gurbh ann don imchéimniú agus nach raibh bunús le líomhain na n-iarratasóirí go ndearnadh imchéimniú i leith allmhairí táirgí a bhí modhnaithe beagán.

(22) Cé nár dheimhnigh an Coimisiún aon chleachtais imchéimnithe ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin Shíneacha laistigh de shainmhíniú Airteagal 13 den Bhunrialachán, níor chomaoin shuntasach ab ea seo ar a bhfuil tionscnamh an athbhreithnithe éaga reatha bunaithe. Rinne an Coimisiún scrúdú ar an iarratas bunaithe ar raon an táirge mar a shainmhínítear é faoi na bearta atá i bhfeidhm cheana féin agus diúltaíodh an maíomh sin dá bharr.

(23) Mhaígh Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret nach raibh aon fhianaise san iarratas a thacaigh leis an maíomh gurbh ionann acmhainneacht bhreise na Síne agus 18 000 tonna.

(24) Luaigh an Coimisiún go raibh faisnéis san iarratas maidir le hacmhainneacht táirgthe sa tSín gurbh ionann í agus 80 000 tonna bunaithe ar an Tuarascáil ar Fhorbairt Thionscal Tungstain na Síne 2020 a d'fhoilsigh Cumann Thionscal Tungstain na Síne ([13]). Mheas na hiarratasóirí chomh maith gurbh ionann an t-éileamh agus 30 000 tonna bunaithe ar eolas margaidh thionscal an Aontais. Trí mhéid an éilimh agus méid iomlán na n-onnmhairí Síneacha a bhaint ón acmhainneacht táirgthe sa tSín, fuair na hiarratasóirí an acmhainneacht bhreise sa tSín. Rinne an Coimisiún anailísiú freisin ar an acmhainneacht bhreise le linn an imscrúdaithe (féach Roinn 4.1), as ar eascair méideanna níos airde ná mar a ríomh na hiarratasóirí ar dtús san iarraidh. Níl sé le tuiscint as an tearcmheastachán a d'fhéadfadh a bheith ann ar an acmhainneacht bhreise san iarratas nach raibh a dhóthain fianaise ag an gCoimisiún maidir le díobháil dhóchúil, ós rud é nach raibh ann ach eilimint amháin i measc eilimintí eile a ndearna an Coimisiún measúnú orthu.

(25) An 4 Bealtaine 2023 chuir na hiarratasóirí ceartúchán ar fáil chun an acmhainneacht bhreise sa tSín a ríomh a tuairiscíodh san iarraidh ar athbhreithniú. Míníodh gurbh amhlaidh, mar gheall ar earráid chléireachais (i ríomh na hacmhainneachta breise, d'úsáid na hiarratasóirí na sonraí faoi phraghsanna de thaisme in ionad na sonraí maidir le méideanna), a mheas na hiarratasóirí an acmhainneacht bhreise sa tSín faoina luach tríd an acmhainneacht bhreise a mheas ar dtús ag 18 102 tona in ionad 41 348 tona.

(26) An 7 Meitheamh 2023, mhaígh Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret gur chuir tionscal an Aontais sonraí athbhreithnithe isteach maidir leis an méid onnmhairí cairbíde tungstain ón tSín. Sonraíodh san athbhreithniú ar na sonraí nár shonraigh na hiarratasóirí foinse na faisnéise agus cé acu a bhí nó nach raibh cineálacha eile táirgí gaolmhara san áireamh sna cóid CC a úsáideadh. Dhearbhaigh an chuideachta freisin gur tugadh le fios leis na sonraí athbhreithnithe maidir le méid na n-onnmhairí go raibh an t-éileamh intíre níos mó ná mar a bhí agus gur chuir na sonraí athbhreithnithe an Coimisiún agus páirtithe leasmhara eile amú maidir leis an acmhainneacht bhreise mhór sa tSín.

(27) shonraigh an Coimisiún athraigh na hiarratasóirí na sonraí a tuairiscíodh san iarraidh ar athbhreithniú ar onnmhairí cairbíde tungstain Síneacha, agus nach ndearna siad ach earráid chléireachais a cheartú. Dá bhrí sin, tá an maíomh a luaitear in aithris (26) mícheart ó thaobh na bhfíoras de agus diúltaíodh é dá réir.

([13]) http://www.ctia.com.cn/en/news/31091.html

(28) San aighneacht chéanna an 7 Meitheamh 2023, chuir Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret amhras in iúl maidir le barántúlacht agus iontaofacht na sonraí a d'úsáid na hiarratasóirí chun an acmhainneacht bhreise a ríomh san iarraidh ar athbhreithniú. Go háirithe, luadh nár léirigh an iarraidh ar athbhreithniú foinse oifigiúil an mhaímh faoi éileamh na Síne a bheith cothrom le 30 000 tona. Ina theannta sin, luadh nach raibh foinse an mhaímh faoi acmhainneacht táirgthe sa tSín a d'úsáid na hiarratasóirí san iarraidh ar athbhreithniú barántúil agus iontaofa toisc gur ó chuideachta seachas ó chomhlachas tionscail a tháinig sé agus, dá bhrí sin, gur cheart don Choimisiún neamhaird a thabhairt uirthi. D'iarr Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret ar an gCoimisiún na sonraí a líomhnaíodh a thuairiscigh Comhlachas Tionscail Tungstan na Síne maidir le tomhaltas comhdhúl tungstain sa tSín a chuir siad san áireamh i dtábla ina n-aighneacht a úsáid ina n-ionad.

(29) Thug an Coimisiún dá aire gur ardaigh Zhangyuan Tungstan, Xianglu Tungstan agus Golden Egret an maíomh faoi fhoinse na sonraí maidir le héileamh na Síne agus le cumas táirgthe cairbíde tungstain sa tSín san iarraidh ar athbhreithniú 10 mí tar éis an spriocdháta do pháirtithe barúlacha a chur isteach maidir leis an iarraidh. Thairis sin, cé gur líomhnaíodh gurbh é Cumann Tionscail Tungstan na Síne an fhoinse faisnéise a soláthraíodh an 7 Meitheamh 2023 faoi thomhaltas cairbíde tungstain sa tSín, níor chuir Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret aon fhianaise thacaíochta ar fáil ina leith sin ina n-aighneacht. Dá bhrí sin, diúltaíodh an maíomh.

(30) Mhaígh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin eile ón tSín go raibh fianaise ann, a thug siad ina n-aighneacht, a léirigh gurbh iad an tSeapáin agus an Chóiré Theas príomhchinn scríbe onnmhairiúcháin tháirgeoirí tungstaine na Síne, agus gurbh ionann iad agus breis is 60 % d'onnmhairí cairbíde tungstain na Síne (seachas sa bhliain 2020 ar imir srianta COVID-19 tionchar uirthi). Ina theannta sin, tháinig méadú suntasach ar an líon onnmhairí chuig an tSeapáin agus chuig an gCóiré Theas tar éis 2020. Mar sin, d'áitigh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin go raibh sé réasúnta le bheith ag súil go leanfaí leis an treocht láidir in airde ar onnmhairí cairbíd tungstain go dtí an tSeapáin agus an Chóiré Theas chomh maith leis an méadú ar mhargadh intíre na Síne. D'áitigh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha chomh maith go raibh difear suntasach ann idir seo agus onnmhairí ón tSín chuig an Aontas, toisc nárbh ionann margadh an Aontais ach sciar d'onnmhairí na Síne nuair a cuireadh i gcomparáid é le margaí onnmhairithe eile na Síne.

(31) Luaigh an Coimisiún nach raibh fianaise ar bith ag tacú leis na hargóintí a thug na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha i ndáil le treochtaí onnmhairithe sa todhchaí chuig an tSeapáin agus chuig an gCóiré Theas, agus mar sin nach raibh iontu ach argóintí amhantracha. Mheas an Coimisiún go raibh go leor fianaise curtha ar fáil ag na hiarratasóirí maidir le honnmhairí chuig margaí tríú tíortha eile. Dá bhrí sin, diúltaíodh na hargóintí sin. Mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin céanna nach raibh fianaise leordhóthanach san iarratas maidir leis an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís. Go háirithe, dúirt siad nach raibh aon fhianaise thacúil ar fáil san iarratas maidir le maímh na n-iarratasóirí gur in easnamh na mbeart nach mbeadh na nithe seo a leanas indéanta: forbairt na n-amhábhar tánaisteach (.i. dramh) agus cruthú modhanna gnó éagsúla (gnáth-chomhaontuithe nó gnó glan amach as. comhaontuithe dolaphróiseála nó gnó tiontaithe).

(32) Ina n-iarratas, rinne na hiarratasóirí cur síos ar dhá mhodh gnó éagsúla in úsáid ag tionscal an Aontais; ba iad sin na tograí gnáthchomhaontuithe nó gnó glan amach (ceannaíonn tionscal an Aontais an t-amhábhar) agus comhaontuithe dolaphróiseála nó gnó tiontaithe (fanann custaiméir cairbíd tungstain mar úinéir an amhábhair agus íocann sé táille próiseála do tháirgeoirí an Aontais chun an t-amhábhar a thiontú ina chairbíd tungstain). Chomh maith leis sin, sholáthraigh na hiarratasóirí go leor fianaise maidir leis an mbrabúsacht a bhaineann leis an dá mhodh gnó. Cé go raibh brabúsacht an mhodh ghnó glan amach dearfach i rith na tréimhse a clúdaíodh san iarratas, tháinig laghdú suntasach uirthi idir 2018 agus 2020, fad is a tháinig feabhas ar bhrabúsacht an mhodh an ghnó thiontaithe cé gur fhan sí diúltach i rith na tréimhse iomláine a clúdaíodh san iarratas. Sholáthraigh na hiarratasóirí fianaise freisin gurbh ionann díolacháin chairbíd tungstain thionscail an Aontais a rinneadh as dramh agus sciar suntasach de mhéid iomlán na ndíolachán san Aontas, ag iarraidh spleáchas ar allmhairí amhábhair ón tSín a laghdú agus cabhrú le togra glas an AE trí ghníomhaíochtaí athchúrsála.

(33) Ina theannta sin, de réir na fianaise a soláthraíodh san iarratas, mar thoradh ar acmhainneacht neamhúsáidte sa tír lena mbaineann is dóchúil go dtiocfaidh méadú ar mhéideanna an táirge lena mbaineann ón PRC a thiocfadh ar an bhfód ar mhargadh an Aontais in éagmais na mbeart. Chuir na hiarratasóirí fianaise leordhóthanach ar fáil gur tháinig méadú breis is 50% ar acmhainneacht táirgthe sa PRC ón athbhreithniú éaga deireanach go bhféadfadh sí a soláthar intíre cairbíde tungstain a chomhlíonadh breis is dhá uair. Dá ligfí do na bearta dul in éag, d'fhéadfadh praghsanna allmhairiúcháin na Síne praghsanna thionscal an Aontais a shladghearradh agus tharlódh an díobháil do thionscal an Aontais arís dá bharr.

(34) Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh an fhianaise san iarratas a bhain leis an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís mar fhianaise leordhóthanach ag céim an iarratais, a bhí ar fáil go réasúnta ag na hiarratasóirí. Dá bhrí sin, diúltaíodh an maíomh.

(35) D'áitigh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin freisin go mbainfeadh na bearta frithdhumpála a n-éifeachtaí beartaithe amach. Go háirithe, dúirt siad gur tháinig laghdú ar allmhairí ón tSín i gcomparáid leis an athbhreithniú éaga roimhe seo, fad is a tháinig méadú ar mhéideanna díolacháin agus sciartha margaidh thionscal an Aontais agus ar allmhairí ó thríú tíortha eile. Ní raibh leanúint ar bith leis an díobháil. Níor dhóchúil go dtarlódh an díobháil arís ach an oiread, toisc go raibh allmhairí ón tSín fós ró-íseal agus, mar a léiríodh sna freagraí samplála, nár mhargadh onnmhairithe tábhachtach é margadh an Aontais do tháirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha. Ina dtuairim, níorbh fhéidir maíomh thionscal an Aontais go raibh meath tagtha ar a gcúinsí iomaíocha a réiteach le héifeachtacht na mbeart.

(36) Maidir leis na maímh seo, luaigh an Coimisiún gurbh é cuspóir na mbeart frithdhumpála deireadh a chur le héifeachtaí saofa trádála atá ag an dumpáil dhíobhálach trí thionchar dearfach a imirt ar staid thionscal an Aontais. Cé nár fhulaing tionscal an Aontais díobháil ábhartha i rith na tréimhse a clúdaíodh san iarratas, ní eisíonn sé nach dtarlódh díobháil dá leithéid arís dá ligfí do na bearta dul in éag. Chomh maith leis sin, agus díobháil ábhartha á meas, ní gá go léireodh na fachtóirí díobhála treocht ag dul in olcas, ach ní mór staid thionscal an Aontais a mheas ar an iomlán. Mar sin, cé gur tháinig méadú ar sciar thionscal an Aontais as a stuaim féin, ní hionann sin agus a rá gur fhulaing sé díobháil ábhartha. Chomh maith leis sin, soiléiríonn an Fógra Tionscnaimh i bpointe 4.2. gur líomhain na hiarratasóirí an dóchúlacht go dtarlódh díobháil arís ón PRC, ní go leanfaí léi. I ndáil leis sin, chuir na hiarratasóirí fianaise leordhóthanach ar fáil gur dócha, dá ligfí do na bearta dul i éag, go dtiocfadh méadú ar leibhéal reatha allmhairithe an táirge atá faoi athbhreithniú ón tír lena mbaineann chuig an Aontas de bharr acmhainneacht neamhúsáidte sa PRC.

(37) Chomh maith leis sin, chuir na hiarratasóirí fianaise isteach go raibh margadh an Aontais fós mar an gceathrú ceann sprice is mó d'onnmhairí an táirge lena mbaineann don PRC fiú agus na bearta i bhfeidhm, cé gur tháinig laghdú ar allmhairí ón PRC le linn thréimhse an iarratais. Thairis sin, de réir na fianaise a soláthraíodh san iarratas agus a ndearna an Coimisiún anailís uirthi, ba dhócha go dtiocfadh méadú ar mhéideanna an táirge lena mbaineann ón PRC a thiocfadh ar an bhfód ar mhargadh an Aontais in éagmais beart mar gheall ar acmhainneacht neamhúsáidte sa tír lena mbaineann. Mar a dúradh, mheas an Coimisiún go raibh an fhianaise a bhí san iarratas i leith na dóchúlachta go dtarlódh an díobháil arís leordhóthanach ag céim an iarratais, a bhí ar fáil go réasúnta ag an iarratasóir. Dá bhrí sin, diúltaíodh an maíomh sin.

(38) D'áitigh na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin nárbh fhéidir an meath a bhí tagtha ar thionscal an Aontais a chur i leith na n-onnmhairí Síneacha. Go háirithe, d'áitigh siad (i) gur athraigh táirgeacht, úsáid acmhainneachta agus praghas díola an Aontais de réir tomhaltais; (ii) go raibh an laghdú iomlán i bpraghas díola ceangailte go pointe leis an laghdú sa chostas táirgeachta agus ní le brú praghsála ó onnmhairí Síneacha; (iii) nach raibh tionchar ag allmhairí Síneacha ar fheidhmíocht an ghnó thiontaithe; agus (iv) gur tháinig méadú ar bhrabúsacht thionscal an Aontais nuair a bhí allmhairí ón tSín ag an leibhéal is ísle.

(39) Mheabhraigh an Coimisiún nár thug fianaise na n-iarratasóirí san iarratas díobháil ábhartha le fios ach an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís ó onnmhairí ón tSín dá ligfí do na bearta dul in éag. Dá bhrí sin, ní gá scrúdú a dhéanamh ar chúisíocht le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe sa chás seo. Chomh maith leis sin, mheas an Coimisiún, mar atá mionsonraithe in aithris (37), go raibh go leor fianaise *prima facie* san iarratas a léirigh an dóchúlacht go dtarlódh an díobháil arís ó onnmhairí ón tSín dá ligfí do na bearta dul in éag. Mar sin, bhí na maímh sin gan bhunús agus diúltaíodh dóibh.

1.7. **Sampláil**

(40) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go bhféadfadh sé na páirtithe leasmhara a shampláil i gcomhréir le hAirteagal 17 den Bhunrialachán.

1.7.1. *Sampláil ar tháirgeoirí an Aontais*

(41) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí de chuid an Aontais roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún an sampla bunaithe ar an inléiritheacht i dtaobh an mhéid táirgeachta agus an mhéid díolachán ar an margadh saor san Aontas le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe agus sa suíomh geografach. Trí tháirgeoir de chuid an Aontais a bhí sa sampla seo. Ba iad na táirgeoirí sampláilte ón Aontas a ghin 69 % de mhéid iomlán táirgeachta measta an Aontais agus thart ar 59 % de mhéid iomlán díolachán measta san Aontas agus dheimhnigh siad chomh maith go raibh raon geografach ann. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den Bhunrialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach. Ní bhfuarthas aon bharúlacha. Dá bhrí sin, deimhníodh an sampla sealadach. Is sampla ionadaíoch ar thionscal an Aontais é.

1.7.2. *Sampláil na n-allmhaireoirí*

(42) Chun a chinneadh an raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(43) Sholáthair cúig chuideachta an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. B'úsáideoirí iad uile, áfach, agus iarradh orthu mar sin an ceistneoir úsáideora a líonadh. Mar sin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le hallmhaireoirí neamhghaolmhara a shampláil.

1.7.3. *Sampláil táirgeoirí onnmhairiúcháin sa PRC*

(44) D'fhonn cinneadh a dhéanamh cibé acu an raibh nó nach raibh gá le sampláil agus, dá mb'amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa PRC an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean an PRC chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí eile a shainaithint agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh, ar táirgeoirí iad a bhféadfadh suim a bheith acu a bheith rannpháirteach san imscrúdú.

(45) Sholáthair trí tháirgeoir onnmhairiúcháin sa tír lena mbaineann an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil. Níor tugadh aon bharúil.

1.8. **Freagraí ar an gceistneoir**

(46) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa PRC de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den Bhunrialachán.

(47) Thug an Coimisiún cuireadh do na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin a bhí ag tabhairt freagra ar an sampla, do na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus d'úsáideoirí aitheanta na ceistneoirí cuí a líonadh. Cuireadh na ceistneoirí céanna sin, chomh maith leis an gceistneoir d'allmhaireoirí neamhghaolmhara, ar fáil ar líne freisin ([14]) lá an tionscnaimh. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún ceistneoir chuig na hiarratasóirí.

(48) Fuarthas freagraí ar an gceistneoir ó na hiarratasóirí, ó na trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais agus ó sheacht n-úsáideoir. Níor fhreagair aon cheann de na trí tháirgeoir onnmhairiúcháin Shíneacha a sholáthar faisnéis i gcomhair shampla a roghnú an ceistneoir. Mar an gcéanna, níor thug Rialtas na Síne aon fhreagra ar an gceistneoir.

([14]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2604

1.9. **Fíorú**

(49) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile lenar measadh go raibh ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfaí leis an dumpáil agus leis an díobháil nó go dtarlódh arís iad, agus an fhaisnéis uile maidir le leas an Aontais. Thug an Coimisiún cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den Bhunrialachán ([15]):

Táirgeoirí an Aontais

— Tikomet Oy, Jyväskylä, an Fhionlainn.

— H.C. Starck Tungsten GmbH, Goslar, An Ghearmáin.

— Wolfram Bergbau und Hütten AG, Mittersill agus Sankt Martin im Sulmtal, an Ostair.

Úsáideoirí

— Betek GmbH & Co. KG, Aichhalden, An Ghearmáin.

1.10. **An nós imeachta ina dhiaidh sin**

(50) An 7 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas maidir leis na fíorais agus na breithnithe riachtanacha ar a mbonn a raibh sé beartaithe aige dleacht frithdhumpála chinntitheach a fhorchur allmhairí cairbíde tungstain, cairbíde tungstain chomhleáite agus cairbíde tungstain atá measctha go simplí le púdar miotail de thionscnamh na Síne iad ('an nochtadh deiridh'). Ceadaíodh tréimhse do gach páirtí leasmhar ina raibh siad in ann a mbarúlacha a thabhairt maidir leis an nochtadh deiridh. Fuarthas barúlacha ó Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret, chomh maith le Betek GmbH & Co. KG ('Betek'). D'fhreagair na hiarratasóirí freisin na tuairimí a fuarthas ó Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret agus le Betek.

(51) Ar lá an nochta deiridh, i.e. an 7 Meitheamh 2023, chuir Zhangyuan Tungsten, Xianglu Tungsten agus Golden Egret barúlacha breise isteach freisin maidir leis an iarraidh ar athbhreithniú. Tugtar aghaidh ar na barúlacha sin sa Rialachán seo freisin.

(52) Tar éis an nochta deiridh, tugadh deis éisteachta do pháirtithe leasmhara de réir na bhforálacha a leagtar síos faoi phointe 5.8 den Fhógra Tionscnaimh. Bhí éisteacht ann maidir leis an nochtadh deiridh le Betek agus le tionscal an Aontais.

(53) Bunaithe ar na barúlacha a fuarthas maidir leis an nochtadh deiridh, chinn an Coimisiún gan athstruchtúrú ar chóid agus tuairiscí TARIC laistigh de chód AC 3824 30 00 a chur chun feidhme i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, a moladh ar dtús sa nochtadh deiridh. Mar gheall ar chastacht agus ar chineál teicniúil na saincheiste, ba ghá tuilleadh anailísithe a dhéanamh ar an ábhar nach bhféadfaí déileáil léi laistigh den teorainn ama reachtúil den imscrúdú ar an athbhreithniú éaga. An 30 Meitheamh 2023, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara go léir ar an eolas faoin gcinneadh sin le Nóta don Chomhad.

2. **AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA MBAINEANN AGUS AN TÁIRGE COMHCHOSÚIL**

2.1. **Táirge faoi athbhreithniú**

(54) Tá an táirge faoi athbhreithniú mar an gcéanna é agus a bhí ann san athbhreithniú éaga roimhe seo, is é sin cairbíd tungstain, cairbíd tungstain chomhleáite agus chairbíd tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach, a thagann faoi láthair faoi chóid CN 2849 90 30 agus ex 3824 30 00 (cód TARIC 3824 30 00 10) ('an táirge faoi athbhreithniú').

(55) Is comhdhúile de charbón agus tungstan iad cairbíd tungstain, cairbíd tungstain chomhleáite agus cairbíd tungstain atá measctha go simplí le púdar miotalach, a tháirgtear trí chóireáil teasa. Tá an táirge faoi athbhreithniú ina tháirge idirmheánach, a úsáidtear mar ábhar ionchuir i monarú na gcomhpháirteanna miotail chrua ar nós uirlisí gearrtha cairbíd dhúite agus comhpháirteanna buanfasacha, i mbratuithe scríobdhíonacha, in uirlisí druileála ola agus mianadóireachta agus i ndíslí agus bioranna a úsáidtear i gcomhair chaolú agus gaibhniú miotal.

([15]) Chomh maith leis sin d'fhíoraigh an Coimisiún na sonraí maicreacnamaíocha in áitreabh ionadaí dlíthiúil na n-iarratasóirí.

(56) I rith na tréimhse a bhí á meas, rinneadh an táirge faoi athbhreithniú san Aontas ó 'ógh-amhábhar; nó 'amhábhar príomhúil' (gurb iad, ó réamhtheachtach go hiartheachtach: mian, tiúchan tungstain, agus comhdhúile idirmheánacha eile, is iad sin PTA agus ocsaíd tungstain – '$_3$') faoi phróiseas ar a dtugtar 'ógh-tháirgeadh', nó ó amhábhair 'thánaisteacha', is é sin dramhaíl, faoi phróiseas ar a dtugtar 'táirgeadh athchúrsála'. Gintear an dramh-mhiotal crua i bpróiseas táirgthe na gcuideachtaí miotail chrua, i bpróiseas táirgthe uirlisí agus ag úsáideoirí deiridh táirgí miotail chrua. I dtionscal an tungstain, is féidir an dramhaíl a athchúrsáil trí úsáid a bhaint as próiseas na hathchúrsála ceimicí nó as an bpróiseas athshlánaithe since.

(57) Is ionann próiseas táirgthe an ógh-tháirgthe agus próiseas na hathchúrsála ceimicí. Is i dtúsphointe an phróisis amháin atá an difear: cé go bhféadfadh an t-ógh-tháirgeadh tosú ag aon leibhéal den phróiseas táirgthe (.i., ón mian, atá mar tháirgí réamhtheachtacha tosaigh, nó ó tháirgí iartheachtacha idirmheánacha , gurb ionann iad agus tiúchan tungstain, PTA, agus WO3), claochlaíonn an athchúrsáil cheimiceach an dramh i gcónaí in PTA ina céad chéim .

(58) Ina ionad sin, tá an próiseas athshlánaithe since bunaithe ar imoibriú since leis an gcuid bheag cóbailt atá sa dramh i bhfoirnéis. Sa phróiseas athshlánaithe since, socraíonn cáilíocht an ionchuir (.i., an dramh a úsáideadh) cáilíocht an aischuir (.i., an chairbíd tungstain). Mar a fuarthas amach san athbhreithniú éaga roimhe seo ([16]), áfach,770, tá saintréithe fisiceacha agus ceimiceacha comhchosúla agus feidhmeanna comhchosúla idir an chairbíd tungstain a fhaightear ón bpróiseas athshlánaithe since, agus an chairbíd tungstain a dhéantar tríd an bpróiseas ógh-tháirgthe nó ó dhrámh a dhéantar trí phróiseas na hathchúrsála ceimicí.

(59) Aithnítear an cineál cairbíd tungstain a cheannaítear agus a dhíoltar trí idirbhearta tráchtála de réir a "ghráid", is é sin, de réir méid thoisí na ngrán, ó ghrád garbh go gráid sármhíne agus nana-ghráid.

2.2. **An táirge lena mbaineann**

(60) Is é an táirge lena mbaineann san imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh an PRC ('an táirge lena mbaineann').

2.3. **Táirge comhchosúil**

(61) Faoi mar a suíodh san athbhreithniú éaga roimhe seo, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú ar an athbhreithniú éaga seo go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha agus ceimiceacha céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann nuair a onnmhairítear chuig an Aontas é;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre an PRC; agus

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(62) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den Bhunrialachán.

2.4. **Éilimh maidir le raon táirge**

(63) Technogenia S.A.S. Mhaígh Technogenia S.A.S. ('Technogenia'), úsáideoir a tháinig chun tosaigh laistigh de na teorainneacha ama a leagadh síos, gur chuir an t-aon táirgeoir aitheanta de chairbíd tungstain chomhleáite stop lena tháirgeadh in 2022 agus, mar sin, nach raibh cairbíd tungstain chomhleáite á tháirgeadh laistigh den Aontas níos mó. Ós rud é gurbh ionann an ceannach cairbíd tungstain chomhleáite agus céatadán suntasach dá láimhdeachas agus nach raibh aon amhábhar eile ar fáil, d'iarr an t-úsáideoir seo ar an gCoimisiún na bearta frithdhumpála ar chairbíd tungstain chomhleáite ón tSín a athghairm. Tá an tSín fós ag táirgeadh cairbíd tungstain chomhleáite.

([16]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/942 ón gCoimisiún, aithris (37).

(64) Mheabhraigh an Coimisiún in athbhreithniú éaga de réir Alt 11(2) den Bhunrialachán, go bhfuil an t-imscrúdú teoranta lena chinneadh ar cheart síneadh a chur le bearta bunaithe ar na coinníollacha a leagtar amach san Airteagal seo, agus nach féidir imscrúdú a dhéanamh ar aon leasú ar na bearta atá i bhfeidhm, lena n-áirítear a raon, ach i gcomhthéacs athbhreithniú eatramhach de réir Airteagal 11(3) den Bhunrialachán.

(65) Mheabhraigh an Coimisiún, áfach, go bhfuil cairbíd tungstain chomhleáite mar chuid de raon táirge na mbeart frithdhumpála ó thráth an bhun-imscrúdaithe agus go raibh sé faoi réir na mbunbheart chomh maith. Rinne an Coimisiún measúnú ar an ngá leanúnach cairbíd tungstain chomhleáite a chur san áireamh sa raon táirge i roinnt mhaith imscrúduithe ar athbhreithniú éaga ([17]).

(66) I gcomhthéacs an imscrúdaithe reatha, dheimhnigh tionscal an Aontais nach raibh, ag am an imscrúdaithe, cairbíd tungstain chomhleáite á táirgeadh san Aontas níos mó. Mar a deimhníodh chomh maith san imscrúdú reatha, tá cairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite idirmhalartaithe go páirteach (tá cairbíd tungstain agus cairbíd tungstain chomhleáite idirmhalartaithe i dtaobh chruachan dromchla agus bratthe ach níl siad idirmhalartaithe i dtaobh tháirgeadh cairbíd dhúite, ina n-úsáidtear cairbíd tungstain amháin) agus dá bharr sin, ní féidir cairbíd tungstain chomhleáite a chur as an áireamh ó raon an táirge fiú dá ligfeadh imscrúdú ar athbhreithniú éaga d'eisiamh den sórt sin go dlíthiúil. Dá bhrí sin, dhiúltaigh an Coimisiún an maíomh sin.

3. **DUMPÁIL**

3.1. **Réamhbharúlacha**

(67) Mar a luaitear in aithris (48), níor chomhoibrigh aon cheann de na honnmhaireoirí/táirgeoirí ón PRC san imscrúdú. Dá bhrí sin, ar an 12 Lúnasa 2022 chuir an Coimisiún údaráis an PRC ar an eolas go bhféadfadh an Coimisiún, in éagmais comhair, Airteagal 18 den Bhunrialachán a chur i bhfeidhm maidir leis na torthaí a bhaineann leis an PRC. Ní bhfuair an Coimisiún aon bharúil maidir leis sin ná aon iarraidh ar idirghabháil ón Oifigeach Éisteacha maidir leis sin.

(68) Dá réir sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 den Bhunrialachán, is ar na fíricí a bhí ar fáil a bunaíodh na torthaí maidir leis an dóchúlacht go leanfaí leis an dumpáil nó go dtarlódh sí arís, go háirithe an fhaisnéis faighte san iarratas, an fhaisnéis a fuarthas ó tháirgeoirí an Aontais, agus ó na staitisticí a bhí ar fáil, eadhon iad a bhí i mbunachar sonraí 14(6) agus an Global Trade Atlas ('GTA') ([18]).

(69) I rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lean allmhairí cairbíd tungstain ag teacht ón PRC. De réir Eurostat, b'ionann allmhairí cairbíde tungstain ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus thart ar 2,2% de mhargadh an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le sciar 5,3 % den mhargadh le linn thréimhse an imscrúdúcháin bhunaidh agus 8,9 % le linn an athbhreithnithe éaga roimhe seo. I ndearbhthéarmaí, tháinig laghdú ar leibhéal na n-allmhairí ón athbhreithniú roimhe sin, ach bhí siad fós ag leibhéil shuntasacha os cionn na tairsí *de minimis* a shainmhínítear in Airteagal 5(7) den Bhunrialachán. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh líon allmhairí den sórt sin sách ionadaíoch chun imscrúdú a dhéanamh ar ar leanadh leis an dumpáil le linn thréimhse an imscrúdúcháin athbhreithnithe.

3.2. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán le haghaidh allmhairí den táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh an PRC é**

(70) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir leis an PRC, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán.

([17]) Rialachán (AE) Uimh. 771/98 ón gComhairle, aithris (11); Rialachán (AE) Uimh. 2268/2004 ón gComhairle, aithrisí 17 (17)-(19); agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/942 ón gCoimisiún, aithris (196).

([18]) http://www.gtis.com/gta/secure/default.cfm

(71) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go raibh gá léi dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, d'iarr an Coimisiún ar gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacúil a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán laistigh de 37 lá ó dháta foilsithe an Fhógra Tionscnaimh in 813>Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh/813>. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, ar an 12 Lúnasa 2022 chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíorais a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den Bhunrialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach sa PRC.

(72) I bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, shonraigh an Coimisiún freisin, i ngeall ar an bhfianaise a bhí ar fáil, go bhféadfadh sé go mbeadh gá tír ionadaíoch iomchuí a roghnú de bhun Airteagal 2(6a)(a) den Bhunrialachán chun an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna nó ar thagarmharcanna neamhshaofa agus mhol sé an Tuirc agus an Rúis maidir leis sin bunaithe ar fhaisnéis an iarratais. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a), an chéad fhleasc, den Bhunrialachán.

(73) Ar 9 Márta 2023, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas faoi na foinsí ábhartha a raibh sé beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh i Nóta chuig an gcomhad ('an Nóta'), ina raibh an Tuirc mar an tír ionadaíoch. Chomh maith leis sin, chuir sé páirtithe leasmhara ar an eolas, ó thaobh nach raibh sé in ann aon táirgeoirí cairbíd tungstain a aithint le sonraí airgeadais a bhí ar fáil go héasca i dtíortha ionadaíocha iomchuí, go dtiocfadh sé ar chostais díolacháin ginearálta agus riaracháin ('DG&R') agus ar bhrabúis bunaithe ar shonraí cuideachtaí atá gníomhach in earnáil thionscal bhunmhiotal lómhar agus miotal eile neamhfheiriúil arna bhfoilsiú ag Banc Ceannais na Tuirce, deir réir an iarratais ar athbhreithniú. De réir an iarratais ar athbhreithniú, measadh gurbh í earnáil thionscal bhunmhiotal lómhar agus miotal eile neamhfheiriúil an catagóir ginearálta mar an táirge faoi athbhreithniú.

(74) I mbarúlacha na n-iarratasóirí ar an Nóta, mhaígh siad gur chóir don Choimisiún tagarmharc phraghsanna sonraí Fastmarkets nó Argus san Eoraip a chur san áireamh in áit sonraí Argus Metal a fuarthas ó Ionad Faisnéise Náisiúnta na Stát Aontaithe um Mianraí. D'iarr siad chomh maith aird a thabhairt ar dhímheas, páirteanna spártha, agus eile (. i., tomhaltáin mar aigéid, licéir nó gáis, chomh maith le costais chothabhála agus costais dramhaíola) agus tomhaltáin á ríomh. Maidir le saothar díreach agus neamhbhalbh, d'iarr na hiarratasóirí go mbeadh an costas tomhaiste do gach catagóir pearsanra. Tugadh aghaidh ar na barúlacha seo in aithrisí (124) go (125), (128) go (129) agus (134).

(75) Chuir an Coimisiún na príomhthosca táirgeachta i láthair sa Nóta. In éagmais aon chomhoibriú ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin Shíneacha, d'aithin an Coimisiún na príomhfachtóirí táirgthe bunaithe ar an eolas a bhí san iarratas.

3.3. **Gnáthluach**

(76) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den Bhunrialachán, *'beidh an gnáthluach bunaithe de ghnáth ar na praghsanna a íocadh nó atá le híoc, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír onnmhairiúcháin*'.

(77) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den Bhunrialachán, *'más rud é go gcinntear […] nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid sa tír onnmhairiúcháin toisc saobhadh suntasach a bheith sa tír sin de réir bhrí pointe (b), ríomhfar an gnáthluach go heisiach ar bhonn costais táirgthe agus díola a léiríonn praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa*', agus '*áireofar sa ghnáthluach ríofa méid neamhshaofa agus réasúnta de chostais riaracháin, díola agus ghinearálta agus do bhrabúis*'.

(78) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, ba é conclúid an Choimisiúin san imscrúdú reatha seo, bunaithe ar an bhfianaise atá ar fáil agus ag féachaint don éagmais comhoibrithe ó Rialtas na Síne agus ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin, gurbh iomchuí Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán a chur i bhfeidhm.

3.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(79) In imscrúdú a rinneadh le déanaí maidir leis an earnáil tungstain sa PRC ([19]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b) den Bhunrialachán.

(80) San imscrúdú sin, chinn an Coimisiún gurbh ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa PRC, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([20]). Go háirithe, ba é conclúid an Choimisiúin nach amháin gurbh ann do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne san earnáil tungstain fós de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den Bhunrialachán ([21]) ach go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí freisin de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den Bhunrialachán ([22]). Shuigh an Coimisiún thairis sin go bhfuil éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála sa PRC, bíonn acmhainní á ndíriú ag Rialtas na Síne ar earnálacha atá ainmnithe mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([23]). Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den Bhunrialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád i mbun gnó agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa PRC ([24]). Ar an gcaoi chéanna, tháinig an Coimisiún ar shaobhadh maidir le costais phá san earnáil tungstain de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den Bhunrialachán ([25]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den Bhunrialachán, go háirithe maidir leis an rochtain a fhaigheann gníomhairí corparáideacha ar chaipiteal sa PRC ([26]).

(81) Mar a rinneadh san imscrúdú roimhe seo maidir leis an earnáil tungstain i nDaon-Phoblacht na Síne , d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach an raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, de bharr saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán. Rinne an Coimisiún amhlaidh ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise a bhí san iarraidh, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun Críoch Imscrúduithe Cosanta Trádála ([27]) ('Tuarascáil'), a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an t-imscrúdú a rinneadh ar idirghabhálacha substaintiúla an rialtais i ngeilleagar an PRC go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin staid shonrach an mhargaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear cairbíd tungstain. Chuir an Coimisiún tuilleadh leis na gnéithe fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach sa PRC, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(82) Líomhain san iarraidh ([28]) go mbíonn tionchar forleathan ar gheilleagar na Síne ag idirghabhálacha uilechuimsitheacha Rialtas na Síne nó údaráis phoiblí eile ar leibhéil éagsúla an rialtais agus an mhargaidh, agus i bhfianaise cé na praghsanna agus costais intíre thionscal tungstain na Síne nach féidir leas a bhaint astu san imscrúdú reatha.

(83) Soláthraíodh samplaí san iarraidh de ghnéithe lena léirítear gurb ann do shaobhadh, mar a liostaítear sa chéad dais go dtí an séú dais d'Airteagal 2(6a)(b) den Bhunrialachán. Agus tagairt á déanamh d'imscrúduithe de chuid an Choimisiúin in earnáil tungstain roimhe seo ([29]), don Tuarascáil, agus d'fhoinsí breise freisin, d'áitigh na hiarratasóirí: (1) go dtéann Stát na Síne i mbun beartas eacnamaíoch crioscaíolach chun spriocanna a bhaint amach atá i gcomhréir leis an gclár polaitiúil a shocraíonn an CCP seachas spriocanna a léiríonn dálaí eacnamaíocha an lae i

([19]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2019/1267 ón gCoimisiún an 26 Iúil 2019 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála chinntitheach ar allmhairí leictreoidí tungstain de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11.
([20]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithris (49).
([21]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí (56)-(60).
([22]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí (61)-(64).
([23]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí (65)-(73).
([24]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí (74)-(77).
([25]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí (78)-(80).
([26]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí (81)-(90).
([27]) Doiciméad inmheánach oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2017) 483 deiridh/2, 20.12.2017, ar fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en.
([28]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga faoi Airteagal 11(2) de Rialachán 2016/1036 maidir le cairbíd tungstain ón tSín. A thíolaic Tionscal WC an Aontais an 25 Feabhra 2022.
([29]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún.

margadh saor ([30]); (2) go bhfuil tionscal tungstain na Síne go háirithe faoi réir ardleibhéil idirghabhála agus rialú ón rialtas, chomh maith le sciar maith SOEanna. Sonraí breise an iarrata, go bhforchuireann Rialtas na Síne cuótaí bliantúla mianadóireachta agus cuótaí táirgthe bliantúla do SOEanna, agus go n-aistreofar na cuótaí seo go SOEanna ar leibhéal níos ísle, cuideachtaí príobháideacha agus comhfhiontair iasachta Shíneacha ([31]). Eagraítear táirgeoirí tungstain Síneacha a thuilleadh i gCumann Thionscal Tungstain na Síne, atá mar chuid de Chumann Tionscail na Síne maidir le Miotail Neamhfheiriúla ag cur béim ina Airteagail Chomhlachais, go gcloíonn sé le treoirlínte agus polasaithe an pháirtí, ag feidhmiú rialaithe mar sin ar an tionscal tungstain ([32]). Tá Cumann Thionscal Tungstain na Síne ag rialú an aischuir táirgthe go gníomhach chomh maith, agus ag imirt tionchar ar thairiscintí chun tiúchan tungstain a cheannach freisin ([33]).

(84) Déanann an t-iarraidh cur síos breise ar shamplaí éagsúla de phleananna treorach a léiríonn leibhéal ard d'idirghabhála ón rialtas ar an tionscal tungstain. Ar dtús, luaitear san iarratas an 13ú Plean Cúig Bliana (FYP) a chuireann de chúram geallsealbhóirí, ábhar cóimhiotail ardteochta a fhorbairt, méadú ar acmhainneacht táirgthe agus onnmhairiúcháin sa tionscal neamhfheiriúil a spreagadh agus tionchar díreach a imirt ar phróiseas táirgthe an tionscail neamhfheiriúil ([34]). Leis an 14ú FYP déantar cur chun cinn breise ar optamú agus coigeartú struchtúrach na dtionscal amhábhair lena n-áirítear miotail neamhfheiriúil ([35]). Cuireann an 14ú FYP barrfheabhsú agus coigeartú struchtúrach na dtionscal amhábhair cur cinn lena n-áirítear miotail neamhfheiriúla, luann sé tungstan mar cheann de na tionscail lena dtacaíonn Rialtas na Síne, tugann sé achoimre ar chruthú ghrúpa d'fhiontair churaidh agus táirgí miotail neamhfheiriúla arbh fhéidir leo comhtháthú i slabhraí soláthair tháirgí meánleibhéil go hardleibhéil, agus spreagann sé an nuálaíocht trí fhóirdheontais arna ndeonú don earnáil tionscail ([36]). Forálann an 13ú FYP Neamhfheiriúil do níos mó spriocanna cainníochtúla, ag leagan amach rialú dian rialtais ar acmhainneacht táirgthe i réimse na miotal neamhfheiriúil, ag sainmhíniú acmhainneachtaí chúltaca intíre do mhianta tungstain, ag socrú sprice le srianta táirgeachta a fheabhsú, ag coigeartú agus ag rialú táscaire rialaithe ar mhéid na mianadóireachta do thungstan, agus ag neartú táscaire rialaithe foriomlána i leith príomhábhair neamhchoitianta ([37]). Sainmhínítear na tionscail neamhfheiriúla mar thionscail spreagtha faoi thionscnamh Déanta sa tSín in 2025, agus mar sin tá tacaíocht tugtha dóibh ó chistí Stáit agus bainc éagsúla, a bhfuil sé mar chuspóir acu tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na tionscail spreagtha sin ([38]).

(85) Luaitear san iarratas freisin idirghabháil Stáit i gcúigí roghnaithe, mar shampla in Hebei, Jiangxi agus Hunan. Go deimhin, liostaíonn an 13ú FYP le haghaidh Acmhainní Mianracha tungstan ar liosta de mhianraí straitéiseacha. Comhdhlúthaíonn Rialtas na Síne boinn taighde tungstain i ndeisceart Jiangxi agus Hunan, leis an scála d'oibríochtaí mianadóireachta a chobhsú agus chun srian a chur ar mhéid iomlán mianadóireachta de mhianta tungstain, ag leagan amach spriocanna céatadáin i gcomhair mianach idir mheán agus mhór agus ag cobhsú leibhéil soláthairtí éifeachtacha tungstain intíre ([39]). Sainmhíníonn Plean Forbartha Thionscal na nÁbhar Nua Hebei 2016 an sprioc slabhraí tionscail a chruthú in Hebei, lena n-áirítear slabhra tionscail tungstain ar leith ([40]). Liostaíonn an 14ú FYP don tionscal miotail neamhfheiriúla in Jiangxi an tionscal tungstain, lena n-áirítear an tionscal um púdar cairbíde tungstain, mar phríomhthionscal lena fhorbairt ([41]). Ar deireadh, tá tungstan san áireamh freisin sa liosta táirgí atá faoi réir dleachtanna ar onnmhairí, riachtanais cheadúnúcháin ar onnmhairí mar aon le trádáil stáit ([42]).

(86) Mar a tugadh le fios in imscrúdú an Choimisiúin roimhe seo ar thungstan, tá idirghabháil shuntasach rialtais i margadh tungstain na Síne, mar aon le saobhadh suntasach ar thosca éagsúla táirgeachta. Áirítear leis sin rialú suntasach ar ghnéithe éagsúla den gheilleagar, ar nós praghsanna fuinnimh, úinéireacht talún, pá, airgeadas, agus rátálacha creidmheasa. Léiríonn an t-iarratas go bhfuil roinnt de na bunábhair agus na hábhair thánaisteacha sa tSín

([30]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, mír 60.
([31]) Ibid, mír 62.
([32]) Ibid, mír 63.
([33]) Ibid, mír 65.
([34]) Ibid, mír 70.
([35]) Ibid, mír 71.
([36]) Ibid, mír 72.
([37]) Ibid., míreanna 72-75.
([38]) Ibid, mír 78.
([39]) Ibid, mír 76.
([40]) Ibid, mír 80.
([41]) Ibid, mír 81.
([42]) Ibid, mír 82.

saofa, ag tagairt do thorthaí an Choimisiúin le déanaí maidir le saobhadh san earnáil dubh charbóin ([43]). Léirítear san iarratas freisin, go dtáirgtear agus go rialaítear gás sa tSín trí chuideachtaí faoi úinéireacht stáit go príomha agus gurb é an Coimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú (NDRC) a rialálann na praghsanna gáis ([44]). Rialálann NDRC praghsanna leictreachais intíre freisin, trí bheartas difreáilte maidir le praghsanna leictreachais a chur i bhfeidhm a spreagann úsáideoirí incháilithe le margaí díreacha a dhéanamh leis na cuideachtaí giniúna cumhachta. Tugann an t-iarratas sampla na Tuairime Treoraí ar thimpeallacht mhargaidh den scoth a chruthú, ar choigeartú agus claochlú struchtúrach thionscal na miotal neamhfheiriúil a chothú agus ar a bhuntáistí méadaithe, rud a léiríonn an sprioc leanúnach beartas difreáilte maidir le praghsanna leictreachais a chur i bhfeidhm, ag taobhú le tionscail éagsúla ([45]). Ar an gcaoi chéanna, tá an talamh uile sa tSín faoi úinéireacht an Stáit, agus dáileann an rialtas é de réir spriocanna polaitiúla ar leith agus pleananna eacnamaíocha ([46]).

(87) Chomh maith leis sin, tá costais pá i roinnt tionscal, lena n-áirítear an tionscal tungstain, saofa mar thoradh ar easpa cearta eagraíochta comhchoiteanna d'oibrithe agus d'fhostóirí, chomh maith le neamh- daingniú na Síne i leith choinbhinsiúin de chuid na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair. Níl ceardchumainn neamhspleách ar na húdaráis Stáit agus tá an chómhargáil agus cosaint do chearta oibrithe bunúsach. Thairis sin, luann an t-iarratas chomh maith, go gcuireann an córas clárúcháin teaghlaigh srian ar shoghluaisteacht an lucht saothair ([47]).

(88) Cuirtear rochtain ar airgeadas ar fáil chomh maith trí institiúidí a chuireann cuspóirí beartais phoiblí i bhfeidhm nó atá ceangailte leis an Stát. Comhlíonann bainc Shíneacha, cuir i gcás, oibleagáid dhlíthiúil fhollasach lena ngnó a dhéanamh i gcomhréir le riachtanais forbartha náisiúnta eacnamaíocha agus shóisialta agus faoi threoir bheartais thionsclaíocha an Stáit. Mar gheall air sin, ní hionann infhaighteacht agus costas an chaipitil do gach gníomhaí ar an margadh, ag cruthú claonadh i bhfabhar iasachtaí a thabhairt d'fhiontair atá faoi úinéireacht stáit, do chuideachtaí móra príobháideacha dea-nasctha, agus d'earnálacha tionsclaíocha tábhachtacha ([48]). Tugann an gearánach aird freisin ar staidéar a rinne an IMF a léirigh go bhfuil saobhadh á dhéanamh ar rátálacha creidmheasa, mar bíonn rátálacha creidmheasa na Síne ag teacht go córasach le rátálacha idirnáisiúnta níos ísle ([49]).

(89) Chomh maith leis sin, tá comharthaí praghais ann nach n-eascraíonn as fórsaí an mhargaidh shaoir de bharr an tsaofa a thagann chun cinn ón rialtas ([50]). Coinníodh costais iasachtaíochta na Síne íseal go saorga ionas go spreagfaí fás infheistíochta ([51]), agus téann tábhacht straitéiseach na cuideachta don rialtas agus neart aon ráthaíochta intuigthe ón rialtas i bhfeidhm go minic ar rátálacha creidmheasa ([52]). Mar thoradh air sin, chuathas i ngleic le saincheisteanna drochfhiachais trí fhiacha a thar-rolladh, trí chuideachtaí 'zombaí' mar a ghairtear dóibh a chruthú, nó trí úinéireacht na bhfiach a aistriú ([53]).

(90) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise ar an gcáschomhad, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an gearánach, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán sa chás atá i gceist.

(91) Go sonrach, is ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an chéad fhleasc den Bhunrialachán, in earnáil an táirge faoi athbhreithniú.

([43]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1812 ón gCoimisiún an 14 Deireadh Fómhair 2021 lena bhforchuirtear dleacht fhrithdhumpála shealadach ar allmhairí córas leictreoidí graifíte áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, IO 2021 L366/62, aithris 90.

([44]) Iarraidh ar athbhreithniú éaga, mír 86.

([45]) Ibid, mír 87.

([46]) Ibid, mír 88.

([47]) Ibid, mír 89.

([48]) Ibid, mír 90.

([49]) Ibid, mír 91.

([50]) Ibid, mír 94.

([51]) Ibid, mír 93.

([52]) Ibid, mír 91.

([53]) Ibid, mír 95.

(92) Deimhníodh san imscrúdú gur le China Minmetals Co ([54])., SOE faoi mhaoirseacht SASAC, roinnt mhaith de na cuideachtaí is mó sa tSín a tháirgeann cairbíd tungstain, is iad sin Zhuzhou Cemented Carbide Group Co., Ltd ([55])., Xiamen Golden Egret Special Alloy Co., Ltd ([56]). agus Zigong Cemented Carbide Group Co., Ltd ([57]).. Tá an Zhuzhou Cemented Carbide Group i seilbh China Minmetals tríd an gcomhlacht idirghabhála China Tungsten Advanced Materials Co. Ltd ([58])., agus tá an Xiamen Golden Egret Special Alloy ina sheilbh tríd an gcomhlacht idirghabhála Xiamen Tungsten Co., Ltd ([59]).. I dtaca le saobhadh díreach, luaigh China Minmetals ina thuarascáil bhliantúil 2021 ([60]) go raibh deontas ginearálta airgeadais ón rialtas de RMB 38.7 milliún ann ([61]), chomh maith le deontas ón lárchiste airgeadais de RMB 46.8 milliún le tacaíocht a thabhairt d'fhiontair zombaí ([62]). Luaigh tuarascáil bhliantúil 2022 Xiamen Tungsten deontas airgeadais ón rialtas de RMB 300.3 milliún ([63]). Chomh maith leis sin, léiríonn alt phoiblí ar shuíomh gréasáin China Minmetals gurbh ann don CCP sa chuideachta trína mhíniú gur: '*Cuireann Eagraíocht Pháirtí China Minmetals spiorad chomhdháil tógala pháirtí an fhiontair náisiúnta faoi úinéireacht an stáit i bhfeidhm go críochnúil,* […] *díríonn sé go dlúth ar cheannaireacht an Pháirtí a neartú mar aon le feabhas a chur ar rialachas corparáideach,*[…] *ag forbairt córas d'fhiontair nua-aimseartha faoi úinéireacht an Stáit a bhfuil tréithe Síneacha acu (agus)* […] *ag cur comhtháthú cuimsitheach obair forbartha an Pháirtí le hoibríochtaí táirgthe chun cinn*' ([64]).

(93) Ina theannta sin, ós rud é go bhfuil idirghabhálacha Pháirtí Cumannach na Síne i gcinnteoireacht oibríochtúil mar ghnáthchleachtas i gcuideachtaí príobháideacha freisin ([65]), agus Páirtí Cumannach na Síne ag éileamh ceannaireachta ar bheagnach gach gné de gheilleagar na tíre, is é an toradh a bhíonn ar thionchar an Stáit trí struchtúir Pháirtí Cumannach na Síne laistigh de chuideachtaí oibreoirí eacnamaíocha a bheith, a bheag nó a mhór, faoi smacht agus faoi mhaoirseacht bheartais an rialtais, i bhfianaise an mhéid a d'fhás struchtúir an Stáit agus an Pháirtí le chéile i nDaon-Phoblacht na Síne. Luaigh an táirgeoir cairbíd tungstain príobháideach OKE carbide ([66]), mar shampla, ina thuarascáil leathbhliana 2022 ([67]) go raibh deontais rialtais ann arbh fhiú RMB 44.7 milliún iad ([68]).

(94) Tá sé seo soiléir chomh maith ar leibhéal Chumann Thionscal Tungstain na Síne ('CTIA') agus Chumann Tionscail na Síne maidir le Miotail Neamhfheiriúla ('CNIA'). De réir Airteagal 3 dá nAirteagail Chomhlachais, cloíonn an CTIA, mar aon leis an CNIA, '*le ceannaireacht foriomlán Pháirtí Cumannach na Síne* [agus] *glacann siad leis an treoir, maoirseacht agus an bainistíocht ghnó ó na heintitis i gceannas ar chlárú agus ar bhainistíocht, ó na heintitis atá i gceannas ar obair forbartha an pháirtí, agus ó na ranna riaracháin ábhartha i gceannas ar bhainistíocht tionscail chomh maith* ([69]).

(95) Dhearbhaigh an t-imscrúdú freisin go bhfuil Rialtas na Síne ag cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den Bhunrialachán, ag dearbhú go bhfuil ceangail phearsanta ann idir táirgeoirí cairbíd tungstain agus an CCP. Mar shampla, tá Cathaoirleach Bhord Stiúrthóirí Zhuzhou Cemented Carbide Group Co., Ltd. mar Leas-Rúnaí Choiste an Pháirtí freisin ([70]). Ar an gcaoi chéanna, tá Cathaoirleach Bhord Xiamen Golden Egret Special Alloy Co., Ltd. mar an Rúnaí Choiste an

([54]) Féach ag: http://www.minmetals.com.cn/ (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([55]) Féach ag: https://www.601.cn/ & https://aiqicha.baidu.com/company_detail_30386666552710 (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([56]) Féach ag: http://www.gesac.com.cn & https://aiqicha.baidu.com/company_detail_29681726678350 (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([57]) Féach ag: http://www.zgcc.com/ (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([58]) Féach ag: http://www.minmetals.com.cn/ (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([59]) Féach ag: http://www.gesac.com.cn & https://aiqicha.baidu.com/company_detail_29681726678350 (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([60]) Tuarascáil bhliantúil China Minmetals 2021. Féach ag: http://static.sse.com.cn/disclosure/listedinfo/announcement/c/new/2022-03-15/600058_20220315_11_WhMHFybV.pdf (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([61]) Ibid., lch 189.
([62]) Ibid., Leathanach 181/244.
([63]) Tuarascáil bhliantúil Xiamen Tungsten 2022, Leathanach 237/304 agus leathanach 255/304. Féach ag: https://pdf.dfcfw.com/pdf/H2_AN202304211585690834_1.pdf?1682102399000.pdf (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([64]) Féach ag: http://www.minmetals.com.cn/ddjj/gztx/ (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([65]) Féach mar shampla Airteagal 33 den Bhunreacht CCP.
([66]) Féach ag: www.oke-carbide.com (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([67]) Tuarascáil leathbhliana 2022 OKE carbide. Féach ag: http://file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESH_STOCK/2022/2022-8/2022-08-10/8408838.PDF (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([68]) Ibid., lch 133.
([69]) Cumann Thionscal Tungstain na Síne. Ar fáil ag: https://www.ctia.net.cn/about/Charter/ (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023) & China Nonferrous Metals Industry Association Articles of Association. Ar fáil ag: www.chinania.org.cn (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([70]) Féach ag: https://minmetalstungsten.com/news/940.html (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).

Páirtí984 ([71]). Tá tionchar an CCP ar obair Xiamen Golden Eagle, trí choistí an pháirtí, soiléir chomh maith in Airteagail Chomhlachais a chuideachta sealbhaíochta,an SOE Xiamen Tungsten Co., Ltd., a thugann le fios: '*the Party organization ensure the function of of* (sic) *leadership core and political core, setting the direction, managing the overall situation and ensuring implementation*' ([72]) agus '*if the company's Party committee finds that the board of directors and the chairman 's team intend to make decisions that do not comply with the party's line, principles, policies and national laws and regulations or may damage the interests of the State, the public interest and the legitimate rights and interests of the company and its employees, it is necessary to draw up an opinion to cancel or postpone the decision*' ([73]).[go gcinntíonn eagraíocht na Páirtí feidhmíocht na gné ceannaireachta agus polaitiúla, ag socrú treo, ag bainistiú na gcúinsí foriomlána agus ag cinntiú cur i bhfeidhmagus 'má chinneann coiste Páirtí na cuideachta go bhfuil sé ar intinn ag an mbord stiúrthóirí agus ag foireann an chathaoirligh cinntí a dhéanamh nach gcomhlíonann treo, prionsabail agus polasaithe an pháirtí ná dlíthe agus rialachán náisiúnta nó a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do leasanna an Stáit, do leas an phobail agus do chearta agus leasanna dlisteanacha na cuideachta agus a fostaithe, ní mór tuairim a tharraingt suas nó an cinneadh a chur ar ceal nó ar athlá.

(96) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi athbhreithniú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Shainaithin an t-imscrúdú cáipéisí beartais a léirigh go bhfuil buntáistí ann don tionscal as treoir agus idirghabháil rialtais sa táirge faoi imscrúdú mar chuid den earnáil tungstain.

(97) Measann Rialtas na Síne gur tionscal ríthábhachtach é an tionscal cruach i gcónaí. Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméid eile atá dírithe ar an earnáil cruach, pleananna, treoracha agus doiciméid a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. Deimhnítear sna doiciméid bheartais Shíneacha is déanaí maidir leis an earnáil tungstain an tábhacht leanúnach a chuireann Rialtas na Síne san earnáil, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear seo san Fhógra na hAireachta um Acmhainní Nádúrtha (MNR) maidir le rialú a dhéanamh ar chainníochtaí foriomlána mianadóireachta agus 2023 ([74]) an chéad bhaisc de thascairí a bhaineann le mianta tearc-chré agus tungstain1002 *ina n-iarrtar 'an rialú agus an bhainistíocht ar mhéid iomlán na mianadóireachta a neartú* ([75]) agus a mhíníonn freisin *'go bhfuil na cuótaí maidir le méid iomlán na mianadóireachta tearc-chré a rialú sannta ag an Aireacht Tionscail agus Teicneolaíochta Faisnéise agus Aireachta um Acmhainní Nádúrtha do gach grúpa fiontair tearc-chré* ([76]). Léirítear sa doiciméad, go sonrach, dáileacháin ar leith de thungstan: '*In 2023, tá an táscaire rialaithe ar mhéid na mianadóireachta don chéad bhaisc de thiúchan tungstain (65% trí-ocsaíd tungstain) socraithe ag 63 000 tonna*' ([77]). Sonraíonn an Fógra MNR 2022 maidir le rialú cainníochtaí foriomlána mianadóireachta in 2022 a bhaineann le tearc-chré agus tungstan ([78]) an t-aischur tungstain ag maíomh '*go raibh an táscaire rialaithe ar mhéid na mianadóireachta i leith tiúchan tungstain náisiúnta (65% trí-ocsaíd tungstain) socraithe 109 000 tonna, arbh ionann an táscaire rialaithe mianadóireachta socraithe agus 81 170 tonna de, agus an táscaire úsáide cuimsitheach socraithe ag 27 830 tonna* ([79])'. Chomh maith leis sin, sonraíonn an 14ú FYP maidir leis an tionscal amhábhar a fhorbairt ([80])*go bhforbrófar acmhainní mianracha intíre go réasúnach'*, ag míniú go '*gcuirfear bearta i gcrích chun barr feabhais a chur ar an sásra bainistíochta a bhaineann le táscairí rialaithe bliantúla iomlána ar mhéid na mianadóireachta, agus an scála mianadóireachta* [Tearc-Chré], *tungstain agus acmhainní mianracha eile a rialáil go réasúnta*' ([81]). agus chomh maith leis sin '*go dtacófar le mórfhiontair chun boinn athchúrsála agus limistéir cheirtleáin thionsclaíocha a bhunú i gcomhair mórdhramh cruach mar aon le halúmanam, copar, litiam, nicil, cóbalt, tungstan agus molaibdéineam* ([82]).

([71]) Féach ag: https://aiqicha.baidu.com/company_detail_29681726678350 (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).

([72]) Airteagail Chomhlachais Thionscal Tungstain Xiamen, Airteagal 2. Féach ag: https://data.eastmoney.com/notices/detail/600549/AN202304211585690826.html# (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).

([73]) Ibid., Airteagal 98.

([74]) Fógra 2023/48 maidir le rialú a dhéanamh ar chainníochtaí foriomlána mianadóireachta agus 2023 an chéad bhaisc de thascairí a bhaineann le mianta tearc-chré agus tungstain. Ar fáil ag: http://gi.mnr.gov.cn/202304/t20230412_2781069.html (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).

([75]) Ibid., Roinn I.1.

([76]) Ibid.

([77]) Ibid., Roinn II.5.

([78]) Fógra 2022/138 maidir le rialú a dhéanamh ar chainníochtaí foriomlána mianadóireachta agus 2022 an chéad bhaisc de thascairí a bhaineann le mianta tearc-chré agus tungstain. Ar fáil ag: http://gi.mnr.gov.cn/202208/t20220817_2745900.html (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).

([79]) Ibid., Roinn I.

([80]) An 14ú FYP maidir le forbairt an tionscail amhábhair. Féach ag: https://www.miit.gov.cn/zwgk/zcwj/wjfb/tz/art/2021/art_2960538d19e34c66a5eb8d01b74cbb20.html (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).

([81]) Ibid., Roinn VII.1.

([82]) Ibid.

(98) Is féidir samplaí comhchosúla de rún údaráis na Síne forbairtí san earnáil tungstain a mhaoirsiú agus a threorú a fheiceáil i gcúigí éagsúla sa tSín, ar nós Jiangxi, a léirítear i 14ú FYP na gcúigí maidir le forbairt ardchaighdeáin na miotal neamhfheiriúla ([83]) *gurb 'ionann an méanráta fáis bliantúil ar ioncam oibriúcháin thionscal na miotal neamhfheiriúla Jiangxi agus 10% le linn thréimhse an 14ú Plean Cúig Bliana. Maidir le hioncam oibriúcháin, beidh scála breis agus trilliún RMB ag tionscal na miotal neamhfheiriúla faoi 2023 nó thart air, agus beidh scála breis is 100 billiún RMB ag na tionscail tungstain, tearc-chré, agus acmhainní straitéiseacha eile faoi'* 2025 ([84]), ag sainaithint *'go dtiocfadh méadú breise ar leibhéal tiúchana copair, tungstain, tearc-chré, agus mórthionscal eile'* ([85]). Lena chois sin, tugann an FYP alt iomlán d'fhorbairt tungstain ([86]) a bhfuil sé mar chuspóir aige *'púdar tungstain nana-ghráid, sármhíne agus sárgharbh agus púdar cairbíde tungstain, PTA ardíonachta, púdar tungstain ardíonachta, chomh maith le hábhair spriocdhírithe tungstain, srl. a fhorbairt'* ([87]).

(99) Ar an gcaoi chéanna, foráiltear sa 14ú FYP Henan maidir le tionscal déantúsaíochta ardchaighdeáin a fhorbairt ([88]) 'go leathnófar an slabhra tionscail i leith tungstain, molaibdéinim, tíotáiniam agus siorcóiniam, agus go gcuirfear chun cinn an leathnú i dtreo tháirgí ardleibhéil' ([89]).

(100) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear na príomh-amhábhair a úsáidtear i monaraíocht tungstain. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(101) Níor nochtadh aon fhianaise san imscrúdú reatha seo nach ndéanfadh cur i bhfeidhm idirdhealaitheach nó forfheidhmiú neamhleor dlíthe féimheachta agus maoine de réir Airteagal 2 (6a)(b), an ceathrú fleasc den Bhunrialachán san earnáil aon difear do mhonaróirí an táirge atá faoi imscrúdú.

(102) Ina theannta sin, tá an earnáil mhiotaleolaíoch faoi thionchar an tsaofa ar chostais phá de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an cúigiú fleasc den Bhunrialachán. Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an túir ghaoithe chruach nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar chaipiteal nó ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ([90]).

(103) Níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den Bhunrialachán. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(104) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur bhfuil réimse ionchur ag teastáil chun slata sreinge a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí táirgí ACF na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh faoina gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(105) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre TPF a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den Bhunrialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí réimse tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

([83]) Féach 14ú FYP Jiangxi maidir le forbairt ardchaighdeáin mhiotail neamhfheiriúila. Ar fáil ag: http://www.jiangxi.gov.cn/art/2021/11/11/art_5006_3717077.html (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([84]) Ibid., Roinn II.3.
([85]) Ibid.
([86]) Ibid., Roinn III.2.
([87]) Ibid.
([88]) Henan 14ú FYP maidir le tionscal déantúsaíochta ardchaighdeáin a fhorbairt.. Ar fáil ag: http://fgw.henan.gov.cn/2022/01-27/2389710.html (Arna rochtain an 11 Bealtaine 2023).
([89]) Ibid., Roinn IV.3.
([90]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1267 ón gCoimisiún, aithrisí (78)-(80).

3.3.2. *Tír ionadaíoch*

3.3.2.1. Barúlacha ginearálta

(106) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta in aghaidh an duine acu atá comhionann le hollioncam náisiúnta na Síne ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([91]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin1123 ([92]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(107) Mar a mhínítear in aithris (73), d'eisigh an Coimisiún Nóta maidir le foinsí ábhartha atá le húsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Tugtar tuairisc leis an Nóta sin ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha. Sa Nóta cuireadh páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé ar intinn ag an gCoimisiún an Cholóim a mheas mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás seo dá mba rud é go ndeimhneofaí saobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den Bhunrialachán.

(108) Maidir le costais chóiríochta agus díolacháin an táirgthe atá faoi scrúdú i dtír ionadaíoch cuí, chuir an cheist athbhreithnithe an cheannaigh isteach le rogha a chur faoi bhráid na Rúise nó an Tuirc mar thír ionadaíoch.

(109) De réir na n-iarratasóirí, tá carbaid tungstain á gcruthú sa Bhraisíl, i gCeanada, sa tSín, in Iosrael, sa tSeapáin, sa Rúis, sa Chóiré Theas agus sna Stáit Aontaithe. As na tíortha sin, ní íocfaidh ach an Bhrasaíl agus an Rúis le tíortha ioncam meánaicme anathuair de réir aicmí an Bhanc Domhanda. D'áirithe an Coimisiún gur tír ioncam meánaicme í an Afraic Theas agus go bhfuil táirgthe carbaid tuingstéin ann. Ní dhearbhaigh an Coimisiún nach raibh na fortais gheopolaitiúla agus eacnamaíocha is déanaí san Rúis oiriúnach don tír ionadaíoch cuí. Baineadh Afrac Theas agus an Bhrasaíl as de bharr nach bhfuil sonraí poiblí ar fáil dóibh.

(110) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún cuardach ar thíortha a bhfuil táirgí den chuid ginearálta céanna agus/nó den earnáil a táirge faoi athbhreithniú acu. Mar a luaigh na hiarratasóirí, is in earnáil na miotal neamhfheiriúil atá táirgeadh an táirgthe atá faoi athbhreithniú. Bhí sonraí phoiblí ábhartha ar fáil do na léiritheoirí san earnáil seo sa Rúis agus sa Tuirc.

(111) Rinne an Coimisiún tuilleadh machnaimh ar an bhféadfaí úsáid a bhaint as príomhfhactóirí táirgthe cairbíde tungstain ó thíortha ionadaíocha cuí.

(112) De réir an iarratais, tá próiseas táirgthe na cairbíde tungstain díreach mar an gcéanna ar fud an domhain agus táirgtear í ó phríomhábhair (nó ó óghábhair), i.e. mianta nó ó ábhair thánaisteacha, i.e. dramhaíl cairbíde tungstain. Mar sin féin, ag brath ar an gcomhtháthú réamhtheachtach, d'fhéadfadh sé nach gcuirfeadh táirgeoirí tús leis an bpróiseas le príomhábhair, le PTA, nó le hocsaíd tungstain ('WO3').

(113) Rinne an Coimisiún cinneadh tús a chur leis na ríomhanna gnáthluacha le costas PTA, is é sin an príomhábhar, agus an fhaisnéis atá san iarratas á cur san áireamh agus de bhrí gurb é an chéad chéim táirgthe é gan beann ar fhoise an amhábhair. Bíonn thart ar 90 % de chostas iomlán táirgthe an táirge faoi athbhreithniú ag dul ar PTA.

([91]) World Bank Open Data – Upper Middle Income, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income

([92]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír ina bhfuil leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar féachaint ar tháirge a tháirgtear san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna agus an táirge faoi athbhreithniú.

(114) I gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den Bhunrialachán, rinne an Coimisiún cuardach ar infhaighteacht sonraí faoi phraghsanna allmhairiúcháin PTA sna tíortha meánaicme ioncam uile bunaithe ar Chód CC 2841 80. De réir GTA, allmhairíodh APT isteach sa tSeirbia, sa Bhrasaíl, sa Mhalaeisia, san Rúis, sa Téalainn, sa Tuirc agus san Afraic Theas. Mar sin féin, ba íosta í meáchan na n-iontaofa i gcónaí sa tíortha seo agus mar thoradh air sin ní bhíodh siad oiriúnach do bhunú praghais tagarmhairc iontaofa. Chomh maith leis sin, is ón tSín amháin a tháinig iontais isteach sa tSeirbia. Ón tSín a tháinig an chuid is mó de na hiontais san Rúis (níos mó ná 75%) agus san Afraic Theas (97%) chomh maith. Mar nár fhuair an Coimisiún faisnéis iontaofa ionas go deireadh, shocraigh siad úsáid a bhaint as luaschár idirnáisiúnta don fhoinse seo de réir alt 2 (6a) (a) an dara bhunchloch, bunaithe ar phraghas Argus Metals International.

(115) Ag féachaint ar an méid thuasluaite, rinne an Coimisiún iniúchadh ar Thürkiye agus shíl siad go raibh faisnéis sonraí réidh ar fáil a bhain le saothar, fuinneamh, DG&R agus tairbhe do thír uachtarach-mheánach ionchasach. Bunaithe ar an méid thuas, níor measadh gur tír ionadaíoch iomchuí an Mhalaeisia de réir bhrí Airteagal 2(6a)(a) den Bhunrialachán.

(116) Iarradh ar na páirtithe leasmhara a dtuairimí a thabhairt maidir lena oiriúnaí atá an Tuirc mar thír ionadaíoch.

(117) Tar éis an Nóta ar an tír ionadaíoch chuí, níor thug páirtí leasmhar ar bith aon bharúil maidir le roghnú na Brasaíle mar thír ionadaíoch.

(118) Ar deireadh, i bhfianaise éagmais comhair agus tar éis a shuí gur tír ionadaíoch iomchuí í an Bhrasaíl, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus comhshaoil i gcomhréir leis an abairt dheireanach d'Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den Bhunrialachán.

3.3.2.2. Conclúid

(119) In éagmais comhair, mar a moladh san iarraidh ar athbhreithniú éaga agus ós rud é gur chomhlíon an Cholóim na critéir atá leagtha síos in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den Bhunrialachán, roghnaigh an Coimisiún an Cholóim mar an tír ionadaíoch iomchuí.

3.3.3. *Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí*

(120) Sa Nóta, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta uile amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Shonraigh an Coimisiún chomh maith gurb iad GTA agus an tagarmharc idirnáisiúnta dar teideal Argus Metals International prices arna fhoilsiú ag Ionad Faisnéise Náisiúnta um Mianraí Shuirbhé Geolaíoch na Stát Aontaithe chun costas neamhshaofa an chuid is mó den dá fhachtóir sa táirgeadh, go háirithe na hamhábhair, a dhéanamh amach, a d'úsáidfeadh sé chun an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den Bhunrialachán. Ina theannta sin, dhearbhaigh an Coimisiún go n-úsáidfeadh sé faisnéis ó Institiúid Staidrimh na Tuirce ('TURKSTAT') chun costais neamhshaofa leictreachais agus saothair a bhunú.

(121) Chuir an Coimisiún in iúl sa deireadh go mbeadh siad ag baint úsáide as an fhaisnéis maidir le cothaigh agus luach na nGearán agus thairbhe a bhaineann le comhlachtaí atá gníomhach san earnáil mhiotail bhunúsach agus neamh-féir arda eile a fhoilsítear ag Banc Lár na Tuirce, mar a luaitear in aighneacht (73). DG&R.

3.3.3.1. Costais agus tagarmharcanna neamhshaofa

3.3.3.1.1. Tosca táirgeachta

(122) I bhfianaise na faisnéise uile ar bhonn na hiarrata agus na faisnéise a bailíodh le linn an nós imeacht, sainaithníodh na tosca táirgeachta a leanas agus a gcuid foinsí chun an gnáthluach a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den Bhunrialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta cairbíd tungstain

Toisc táirgeachta	Cód an Tráchtearra sa Tuirc	Luach neamhshaofa (RMB)	Aonad tomhais
Amhábhair			
Paratungstáit amóiniam	2841 8010	219,12	kg
Saothar			
Costas saothair in aghaidh na daonuaire	N/A	34,88	Uair
Fuinneamh			
Leictreachas	N/A	0,50	kWh
Gás	N/A	1,61	m^3

3.3.3.1.2. Amhábhair

(123) Chun gnáthluach an phríomh-amhábhair APT a ríomh ar thairseach táirgeora as tír ionadach, shonraigh an Coimisiún go raibh allmhairí APT isteach sa Tuirc neamhthábhachtach agus, dá bhrí sin, nach bhféadfaidh a mheas go raibh siad ionadach, mar a mhínítear in aithris (114). D'úsáid an Coimisiún an meánphraghas ualaithe allmhairí ar bhonn an tagarmhairc idirnáisiúnta dar teideal Argus Metals International prices, a fuarthas ó Ionad Faisnéise Náisiúnta um Mianraí Shuirbhé Geolaíoch na Stát Aontaithe ([93]). Sa chás sin, fiú más féidir go mbeidh allmhairí ó fhoinsí saofa san áireamh sa tagarmharc, mheabhraigh an Coimisiún nach gá na dleachtanna a athríomh i gcomhthéacs athbhreithnithe éaga; ó nach bhfuil i gceist ach dóchúlacht na dumpála a dhéanamh amach. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gurbh iomchuí Argus Metals International prices a úsáid mar thagarmharc sa chás sin.

(191) Le linn na tréimhse a breithníodh, rinneadh beagnach gach allmhaire ón tSín faoi IPP. Tháinig laghdú 62% ar allmhairí faoi IPP idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig méadú 14% orthu le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 56% ar allmhairí faoi IPP ón tSín le linn na tréimhse a breithníodh. Bhí allmhairí ón tSín faoin ngnáthchóras allmhairiúcháin diomaibhseach le linn na tréimhse a breithníodh, arbh ionann a réimse agus idir 0,1% agus 0,3% den sciar margaidh/.

(192) Lean allmhairí faoi IPP treocht ghinearálta na n-allmhairí ón tSín agus bhí siad ar aon dul le treocht thomhaltas an Aontais. Bhí méadú tagtha cheana féin ar allmhairí faoi ghnáthchóras in 2020 ach ní raibh tionchar ag a méid ar threocht ghinearálta na n-allmhairí ón tSín mar gheall ar a méid diomaibhseach.

5.3.3. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(193) Is ar bhonn sonraí ó Eurostat a shuigh an Coimisiún praghsanna na n-allmhairí ón tSín. Toisc gur dhiomaibhseach méideanna na n-allmhairí ón PRC faoi ghnáthchóras allmhairiúcháin, tugadh neamhaird orthu agus meánphraghas na n-allmhairí á ríomh agus sa ríomh maidir le sladghearradh praghsanna. Suíodh sladghearradh praghais na n-allmhairí ar bhonn fhreagraí an cheistneora ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus ar shonraí Eurostat.

(194) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánphraghas ualaithe na n-allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 7

Praghsanna allmhairí don IPP (EUR/ tonnaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas ualaithe na n-allmhairí Síneacha	36 957	36 159	32 086	30 864
Innéacs	*100*	*98*	*87*	*84*

1642>Foinse/1642>: Eurostat

(195) Tháinig laghdú 16 % ar an iomlán ar mheánphraghas an táirge lena mbaineann arna n-allmhairiú faoi IPP, le linn na tréimhse a breithníodh.

(196) Níorbh fhéidir leis an gCoimisiún na cúiseanna leis an treocht sin a fhíorú de bharr easpa comhair ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Luaigh sé, áfach, gur seasta a bhí an treocht laghdaithe le linn na tréimhse a breithníodh.

(197) Ar bhonn na faisnéise a chuir na húsáideoirí comhoibríocha ar fáil agus ar bhonn na gcóras allmhairiúcháin a úsáidtear le haghaidh allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne, rinneadh gach allmhaire ó Dhaon-Phoblacht na Síne den táirge faoi athbhreithniú faoi ghnáth-chomhaontuithe in aithris (32). Dá bhrí sin, agus ar mhaithe le comparáid chothrom a dhéanamh, tugadh neamhaird ar dhíolacháin thionscal an Aontais a rinneadh faoi chomhaontuithe dolaphróiseála sa ríomh maidir le sladghearradh praghsanna. Chomh maith leis sin, mar a luaitear in aithris (191), bhí na hallmhairí faoin ngnáthchóras diomaibhseach le linn na tréimhse a breithníodh, agus tugadh neamhaird orthu dá bharr. Dá réir sin, bhí an ríomh maidir le sladghearradh bunaithe ar phraghsanna IPP na n-allmhairí amháin. Chomh maith leis sin, cuireadh in áireamh sa ríomh nár allmhairíodh púdair athshlánaithe since ón PRC le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus eisiadh iad, mar sin.

(198) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe trí chomparáid a dhéanamh idir an méid seo a leanas:

— meánphraghsanna díola ualaithe tháirgeoirí sampláilte an Aontais a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais faoi ghnáth-chomhaontuithe agus ag eisiamh púdair athshlánaithe since, arna gcoigeartú go leibhéal 1648>díreach ón monarcha/1648>; agus

— meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha na n-allmhairí ó Eurostat faoi IPP, le coigeartuithe iomchuí i leith costais iar-allmhairiúcháin. Bhí na praghsanna seo saor ó chustaim agus ó dhleachtanna frithdhumpála.

(199) Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas na dtáirgeoirí sampláilte ón Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léirigh sé meánchorrlach sladghearrtha ualaithe de 7% ag na hallmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais.

5.4. **Allmhairí ó thríú tíortha seachas an PRC**

(200) Ba ó na Stáit Aontaithe Mheiriceá ('SAM'), ón gCóiré Theas agus ón India go príomha na hallmhairí den táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas an PRC. Tá treocht na cainníochta agus an phraghais bunaithe ar Eurostat agus cuimsíonn siad gach córas allmhairiúcháin (gnáthchóras, próiseas próiseála isteach agus próiseas próiseála amach). Allmhairítear formhór mhéid na n-allmhairí ó thríú tíortha faoin ngnáthchóras.

(201) Is mar a leanas a forbraíodh méid (comhiomlánaithe) na n-allmhairí isteach san Aontas chomh maith le sciar den mhargadh agus treochtaí praghais na n-allmhairí den táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha eile:

Tábla 8

Allmhairí ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
SAM	Méid (tonnaí)	1 042	659	304	429
	Innéacs	*100*	*63*	*29*	*41*
	Sciar den mhargadh (%)	6,7	5,6	2,8	2,8
	Innéacs	*100*	*83*	*42*	*42*
	Meánphraghas (EUR/tona)	34 843	41 222	41 990	40 099
	Innéacs	*100*	*118*	*121*	*115*
an Chóiré Theas	Méid (tonnaí)	288	228	231	280
	Innéacs	*100*	*79*	*80*	*97*
	Sciar den mhargadh (%)	1,9	1,9	2,1	1,9
	Innéacs	*100*	*100*	*115*	*100*
	Meánphraghas (EUR/tona)	40 857	37 445	31 415	35 076
	Innéacs	*100*	*92*	*77*	*86*
an India	Méid (tonnaí)	161	213	225	250
	Innéacs	*100*	*132*	*100*	*95*
	Sciar den mhargadh (%)	1,0	1,8	2,1	1,7
	Innéacs	*100*	*173*	*200*	*159*
	Meánphraghas (EUR/tona)	26 562	27 834	28 347	25 921
	Innéacs	*100*	*105*	*107*	*98*

Tíortha eile (seachas an tSín)	Méid (tonnaí)	877	578	564	573
	Innéacs	*100*	*66*	*64*	*65*
	Sciar den mhargadh (%)	5,7	4,9	5,2	3,8
	Innéacs	*100*	*86*	*92*	*67*
	Meánphraghas (EUR/tona)	33 468	34 748	29 423	30 627
	Innéacs	*100*	*104*	*88*	*92*
Iomlán na dtríú tíortha seachas an tSín	Méid (tonnaí)	2 368	1 678	1 323	1 531
	Innéacs	*100*	*71*	*56*	*65*
	Sciar den mhargadh (%)	15,3	14,2	12,3	10,1
	Innéacs	*100*	*93*	*80*	*66*
	Meánphraghas (EUR/tona)	34 501	36 777	32 473	33 323
	Innéacs	*100*	*107*	*94*	*97*

1893>Foinse/1893>: Eurostat agus sonraí ó na hiarratasóirí

(202) Tháinig laghdú 44% ar mhéid iomlán na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas an tSín idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig méadú 16% air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 35% ar allmhairí ó thríú tíortha seachas ón tSín le linn na tréimhse a breithníodh. Lean a dtreocht treocht ghinearálta thomhaltas an Aontais. Tháinig laghdú 15,3% ar sciar margaidh na n-allmhairí seo in 2018 go 10,1% le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus tháinig laghdú 3% ar phraghsanna na n-allmhairí le linn na tréimhse a breithníodh.

(203) Níor lean allmhairí ón India an treocht fhoriomlán seo agus tháinig méadú beag orthu le linn na tréimhse a breithníodh, ag fanacht, áfach, ag leibhéal níos ísle ná allmhairí na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig laghdú 0,4 pointe céatadáin ar a sciar margaidh idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, cé gur tháinig méadú foriomlán 0,7 pointe céatadáin air le linn na tréimhse a breithníodh. Bhí meánphraghsanna allmhairiúcháin na hIndia níos ísle ar an meán ná praghsanna allmhairiúcháin na Síne i rith na tréimhse a breithníodh. D'fhéadfaí leibhéal íseal praghsanna allmhairiúcháin na hIndia a mhíniú mar gheall gurbh ionann méid áirithe allmhairí ón India agus díolacháin ghaolmhara idir táirgeoir Indiach cairbíd tungstain agus úsáideoir an Aontais, an dá cheann ceangailte le táirgeoir an Aontais, agus mar sin níor dhócha go raibh na praghsanna seo ar neamhthuilleamaí le chéile. Níl aon táirgeoir aitheanta eile de chairbíd tungstain san India.

5.5. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

5.5.1. *Barúlacha ginearálta*

(204) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(205) Mar a luaitear in aithris (41), úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch thionscal an Aontais a mheasúnú.

(206) Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora a chuir na hiarratasóirí ar fáil agus a bhain le táirgeoirí uile an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí fíoraithe ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(207) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta, úsáid acmhainneachta, méid na ndíolachán, sciar margaidh, fás, fostaíocht, táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil a tharla cheana.

(208) Seo a leanas na táscairí micreacnamaíocha: meánphraghsanna aonaid, costas aonaid, costais saothair, fardail, brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí, agus an cumas chun caipiteal a thiomsú.

5.5.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

5.5.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(209) Tháinig forbairt mar seo a leanas ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 9

Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid táirgeachta (tonnaí)	17 980	13 470	11 976	17 026
Innéacs	*100*	*75*	*67*	*95*
Acmhainneacht táirgeachta (tonnaí)	22 850	22 850	22 845	23 215
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*102*
Úsáid acmhainneachta (%)	79	59	52	73
Innéacs	*100*	*75*	*67*	*93*

1959>Foinse/1959>: Sonraí ó na hiarratasóirí

(210) Cuimsíonn na sonraí sa tábla thuas táirgeacht faoi ghnáth-chomhaontuithe agus faoi chomhaontuithe dolaphróiseála araon, d'ógh-tháirgí atá do tháirgí athchúrsála.

(211) Tháinig laghdú 33% ar mhéid na táirgeachta idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig méadú 42% air le linn tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 5% ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse a breithníodh.

(212) Bhí an treocht táirgeachta ag teacht leis an treocht tomhaltais. Chomh maith leis na ráitis in aithris (177), thug an Coimisiún faoi deara gur stop táirgeoirí áirithe an Aontais an táirgeacht ina hiomláine i rith roinnt tréimhse sa bhliain 2020.

(213) D'fhan an acmhainneacht táirgeachta cobhsaí nach mór idir 2018 agus 2020 agus tháinig méadú 2% uirthi ina dhiaidh sin i dtréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig méadú 2% ar an acmhainneacht táirgeachta le linn na tréimhse a breithníodh.

(214) Is é an chúis leis an treocht i leith acmhainneacht táirgeachta ná gur infheistigh táirgeoirí an Aontais i méaduithe beaga acmhainneachta le linn na tréimhse a breithníodh, go háirithe in acmhainneacht athchúrsála, a tháinig chun tosaigh in 2021. Thairis sin, braitheann acmhainneacht ar mheascán na ngrád a táirgeadh: tá níos mó acmhainneachta de dhíth le gráin gharbha a tháirgeadh, cé go bhfuil níos lú acmhainneachta de dhíth le gráin níos míne a tháirgeadh.

(215) Tháinig laghdú 33% ar an ráta úsáide acmhainneachta idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig méadú 40% air i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 7% ar an ráta úsáide acmhainneachta le linn na tréimhse a breithníodh.

(216) Thug an Coimisiún faoi deara nach raibh acmhainneacht bhreise thionscal an Aontais ag teacht go simplí leis an difríocht idir táirgeacht agus acmhainneacht táirgeachta. Go deimhin, d'eascair táirgí eile as na céimeanna táirgeachta éagsúla sular tharla an claochlú deiridh ar phúdar miotail tungstain i gcairbíde tungstain, go háirithe: PTA, ócsaíd tungstain, púdar miotail tungstain. Dá bhrí sin, ag brath ar phraghsanna na dtáirgí seo agus ar chúrsaí gnó, dáiltear cuid áirithe den acmhainneacht ar na táirgí eile seo i gcónaí. Mar sin, tá beagán áibhéile déanta an acmhainneacht bhreise a eascraíonn ó na sonraí i dTábla 9.

5.5.2.2. Méid díolacháin agus sciar margaidh

(217) Tháinig forbairt mar seo a leanas ar mhéid díolachán agus sciar margaidh thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 10

Méid díolachán agus sciar margaidh

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Méid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais (tonnaí).	12 383	9 681	9 183	13 234
Innéacs	*100*	*78*	*74*	*107*
Sciar den mhargadh (%)	80,1	81,9	85,0	87,6
Innéacs	*100*	*102*	*106*	*109*

2001>Foinse/2001>: Eurostat agus sonraí ó na hiarratasóirí

(218) Tháinig laghdú 26% ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig méadú 44% air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig méadú 7% ar mhéid díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(219) Tháinig méadú 7,5 pointe céatadáin ar sciar margaidh thionscal an Aontais i margadh an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh, ag sroicheadh 87,6% le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(220) Lean treocht mhéid díolachán thionscal an Aontais treocht thomhaltas an Aontais mar a luaitear in aithris (177). Bhí an méid díolachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe níos airde, áfach, ná mar a bhí sé in 2018, contrártha do thomhaltas agus táirgeacht an Aontais, a raibh a leibhéil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe beagán níos ísle ná na leibhéil a shroich siad in 2018. D'fhéadfadh sé sin a bheith mar gheall ar an bhfachtóir a luadh in aithris (189) go raibh úsáideoirí imníoch faoin gcaoi a rabhthas ag cur isteach ar shlabhraí soláthair ceangailte le soláthair ó thar lear, agus mar sin gurbh fhearr leo ábhar a cheannach ó thionscal an Aontais. Go deimhin, mhéadaigh tionscal an Aontais a sciar margaidh le linn na tréimhse a breithníodh, ach laghdaigh allmhairí Síneacha agus allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín a sciar margaidh.

(221) I saormhargadh an Aontais, tháinig 3% de dhíolacháin thionscal an Aontais ó chomhaontuithe dolaphróiseála agus tháinig 97% díobh ó ghnáth-chomhaontuithe.

5.5.2.3. Fás

(222) Le linn na tréimhse a breithníodh, shroich tionscal an Aontais de chuid an táirge chomhchosúil na leibhéil táirgthe a bhí aige in 2018 arís agus mhéadaigh sé a dhíolacháin san Aontas agus líon a fhostaithe. Lean táirgeacht agus díolacháin treocht thomhaltas an Aontais, a shroich na leibhéil a bhí acu 2018 in athuair beagnach le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Chomh maith leis sin, tháinig an méadú ar líon na bhfostaithe idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe sna sála ar an tomhaltas athshlánaithe. Mar a míníodh in aithris (189), de bharr fachtóirí ar nós fadhbanna lóistíochta agus ábhar imní úsáideoirí faoi shlándáil an tsoláthair bhíothas i bhfabhar earraí a cheannach ó thionscal an Aontais i gcomparáid le hearraí a allmhairiú ó thríú tír le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá thoradh sin, tháinig méadú 7,5 pointe céatadáin ar sciar margaidh thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(223) Bhí an táirgeacht le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe fós faoi leibhéil 2018 agus bhí infheistíochtaí de chuid thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe fós 21% níos ísle ná leibhéal 2018. Ag cur brabúsacht agus sreabhadh airgid san áireamh freisin, léirigh sé seo nár mhór go dtiocfadh feabhas ar staid airgeadais thionscal an Aontais fós.

5.5.2.4. Fostaíocht agus táirgiúlacht

(224) Tháinig forbairt mar seo a leanas ar fhostaíocht agus ar tháirgiúlacht le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 11

Fostaíocht agus táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An líon fostaithe (Coibhéis Lánaimseartha)	984	987	987	1 015
Innéacs	*100*	*100*	*100*	*103*
Táirgiúlacht (tonnaí/fostaí)	18	14	12	17
Innéacs	*100*	*75*	*66*	*92*

Foinse: Sonraí ó na hiarratasóirí

(225) Tháinig méadú beag 0,3 % ar an líon fostaithe i dtionscal an Aontais idir 2018 agus 2019, bhí sé cobhsaí in 2020 agus ansin tháinig méadú 3 % air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig méadú 3 % ar an líon fostaithe i dtionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh.

(226) Cé go raibh an méadú ar an líon fostaithe idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag teacht le tomhaltas an Aontais, bhí bearta tacaíochta rialtais de bharr phaindéim COVID-19 mar chúis leis an líon cobhsaí fostaithe idir 2019 agus 2020.

(227) Mar thoradh ar an laghdú ar tháirgeacht idir 2018 agus 2020, tháinig laghdú 33% ar tháirgiúlacht idir 2018 agus 2020. Ansin, mar thoradh ar an méadú ar tháirgeacht idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus in ainneoin an méadú ar líon na bhfostaithe sa tréimhse chéanna, tháinig méadú 42% ar tháirgeacht le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 6% ar tháirgiúlacht i rith na tréimhse a breithníodh, agus mar thoradh air sin, tháinig laghdú beag foriomlán ar tháirgeacht le linn na tréimhse a breithníodh.

5.5.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(228) Bhí an corrlach dumpála a suíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i bhfad os cionn an leibhéil 2057>de minimis/2057>. An tráth céanna, b'ionann leibhéal na n-allmhairí le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus 2,2% de thomhaltas saormhargaidh an Aontais. Dá bhrí sin, is measartha teoranta a bhí an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála ar thionscal an Aontais.

5.5.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

5.5.3.1. Praghsanna agus fachtóirí a mbíonn tionchar acu ar phraghsanna

(229) Le linn na tréimhse a breithníodh, tháinig forbairt mar seo a leanas ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe thionscal an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas i leith gnáth-chomhaontuithe agus comhaontuithe dolaphróiseála araon, arna gcoigeartú go leibhéal díreach ón monarcha:

Tábla 12

Praghsanna díolacháin agus costas táirgthe san Aontas (gnáth-chomhaontuithe agus comhaontuithe dolaphróiseála) (EUR/tonnaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánphraghas díola aonaid ualaithe san Aontas	34 663	31 560	28 933	30 015
Innéacs	*100*	*91*	*83*	*87*
Costas aonaid an táirgthe	29 172	29 692	26 787	26 862
Innéacs	*100*	*102*	*92*	*92*

2102>Foinse/2102>: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(230) Tháinig laghdú 17% ar an meánphraghas díola aonaid ar ghnáth-chomhaontuithe agus comhaontuithe dolaphróiseála araon de chuid thionscal an Aontais idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig méadú 4% air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 13% ar mheánphraghsanna díola aonaid le linn na tréimhse a breithníodh.

(231) Lean meánphraghsanna díola aonaid de chuid thionscal an Aontaistreocht an tomhaltais. Thairis sin, lean sé treocht phraghas an phríomh-amhábhair i gcomhair an táirge chomhchosúil, .i. PTA, ar tháinig laghdú ar a phraghas idir 2018 agus 2020 agus ansin ar tháinig méadú air le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020.

(232) Tháinig méadú beag 2% ar chostas aonaid an táirgthe do ghnáth-chomhaontuithe agus comhaontuithe dolaphróiseála araon de chuid thionscal an Aontais idir 2018 agus 2019, ansin ina dhiaidh sin tháinig laghdú 10% air idir 2019 agus 2020 agus ansin mhéadaigh sé 0,3% arís le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 8% ar chostas aonaid an táirgthe le linn na tréimhse a breithníodh.

(233) Tháinig méadú ar chostas aonaid an táirgthe idir 2018 agus 2019 de bharr táirgeacht níos ísle, ach ba é laghdú ar chostas na n-amhábhair an chúis leis an laghdú idir 2019 agus 2020.

(234) Chomh maith leis sin, chun an sladghearradh praghais a tuairiscíodh in aithris (199) a chinneadh, d'úsáid an Coimisiún na meánphraghsanna díola ualaithe de tháirgeoirí sampláilte an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas faoi ghnáth-chomhaontuithe amháin, seachas púdair since athshlánaithe, arna gcoigeartú go leibhéal *díreach ón monarcha*, toisc go ndearnadh gach allmhaire ón PRC faoi ghnáth-chomhaontuithe. Ar an mbonn sinn, le linn na tréimhse atá á breithniú, ní raibh ach dhá tháirgeoir sampláilte as an Aontas arbh fhéidir a mheas go raibh siad ag sladghearradh, mar sin, tá na figiúirí sa tábla thíos seolta i gcéimeanna leis an riachtanas d'fhonn rún na taifead a chosaint. I rith na tréimhse a breithníodh, d'fhorbair a dtreocht mar seo a leanas:

Tábla 13

Praghsanna díolacháin faoi ghnáth-chomhaontuithe san Aontas (EUR/tonnaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
An meánphraghas díola aonaid ualaithe san Aontas faoi ghnáth-chomhaontuithe	[29 188 – 42 160]	[28 441 – 41 081]	[24 928 – 36 007]	[26 808 – 38 722]
Innéacs	*100*	*97*	*85*	*92*
Costas aonaid an táirgthe faoi ghnáth-chomhaontuithe	[25 996 – 37 550]	[28 339 – 40 935]	[24 193 – 34 946]	[24 080 – 34 783]
Innéacs	*100*	*109*	*93*	*93*

2147>Foinse/2147>: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(235) Tháinig laghdú 15% ar an meánphraghas díola aonaid thionscal an Aontais faoi ghnáth-chomhaontuithe idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig méadú 8% air i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 8% ar an meánphraghas díola aonaid faoi ghnáth-chomhaontuithe le linn na tréimhse a breithníodh.

(236) Tháinig ardú 9% ar chostas aonaid an táirgthe thionscal an Aontais faoi ghnáth-chomhaontuithe idir 2018 agus 2019 agus ansin tháinig laghdú 15% air i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2019. Ar an iomlán, tháinig laghdú 7% ar chostas aonaid an táirgthe faoi ghnáth-chomhaontuithe le linn na tréimhse a breithníodh.

5.5.3.2. Costais saothair

(237) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar mheánchostais saothair thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 14

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	80 168	82 390	75 923	83 832
Innéacs	*100*	*103*	*95*	*105*

2174>Foinse/2174>: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(238) Tháinig méadú beag 3% ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí i dtionscal an Aontais idir 2018 agus 2019, ansin tháinig laghdú 11% air idir 2019 agus 2020 agus ina dhiaidh sin mhéadaigh sé 10% arís i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Ar an iomlán, tháinig méadú beag 5% ar an meánchostas saothair in aghaidh an fhostaí le linn na tréimhse a breithníodh.

(239) Bhí bearta tacaíochta rialtais de bharr phaindéim Covid-19 mar chúis leis an laghdú ar mheánchostais saothair in aghaidh an fhostaí i dtionscal an Aontais idir 2019 agus 2020 in ainneoin chobhsaíocht líon na bhfostaithe. Bhí coigeartuithe boilscithe, fostú gairmithe T&F agus na préimheanna táirgeachta ina gcúiseanna leis an méadú idir tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus 2020.

5.5.3.3. Fardail

(240) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar leibhéil stoic thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 15

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonnaí)	922	740	1 009	1 049
Innéacs	*100*	*80*	*109*	*114*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht (%)	5	5	8	6
Innéacs	100	107	164	120

2204>Foinse/2204>: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(241) Tháinig laghdú 20% ar an leibhéal fardail i dtionscal an Aontais idir 2019 agus 2018 agus ansin tháinig méadú 42% air arís i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i gcomparáid le 2019. Ar an iomlán, tháinig méadú 14% ar an leibhéal fardail le linn na tréimhse a breithníodh.

(242) Lean leibhéal ard fardail thionscal an Aontais in 2020 an tomhaltas íseal, cé go raibh an leibhéal ard fardail i rith thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag teacht leis an méadú i dtáirgeacht.

5.5.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a thiomsú

(243) Is mar seo a leanas a tháinig forbairt ar bhrabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí thionscal an Aontais le linn na tréimhse a breithníodh:

Tábla 16

Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí agus toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	11,5	6,5	2,0	7,7
Innéacs	*100*	*56*	*17*	*67*
Sreabhadh airgid (EUR)	42 601 601	36 752 500	14 507 327	36 754 191
Innéacs	*100*	*92*	*59*	*79*
Infheistíochtaí (EUR)	13 364 299	12 282 221	7 843 646	10 537 497
Innéacs	*100*	*92*	*59*	*79*
Toradh ar infheistíochtaí (%)	65	22	9	38
Innéacs	*100*	*34*	*14*	*59*

Foinse: Freagraí ceistneora ó tháirgeoirí sampláilte an Aontais

(244) Shuigh an Coimisiún brabúsacht thionscal an Aontais trí ghlanbhrabús réamhchánach ó dhíolacháin an táirge chomhchosúil le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Bhí an earnáil Aontais Eorpaigh saibhir i rith na tréimhse céanna, le ráta seasmhachta ar an gcaighdeán sin a bhí ag oscailt agus ag dúshlán. Go háirithe, chuaigh seasmhacht na hearnála Aontais Eorpaigh in ísliú 83% idir 2018 agus 2020 agus ansin mhéadaigh sé arís 285% le linn thréimhse imscrúdaithe an athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Tháinig laghdú foriomlán 33% ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse a breithníodh.

(245) Idir 2019 agus 2021 bhí an seasmhacht níos ísle ná an toradh tairbhe 10% atá sainaitheanta sa mheastóireacht éaga ([109]). Is é a chomhartha speisialta den earnáil seo an chéatadán ard den chostas seasta atá ceangailte leis an bpróiseas táirgthe mar ní féidir na fuirniscí a dhúnadh. Dá bhrí sin, d'aontaigh an Coimisiún gur fós éifeachtach an toradh tairbhe atá sainithe de 10% nó níos airde agus gur éirigh leis i rith an tréimhse, i 2018 trí chéile.

(246) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas tháirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Thaispeáin an treocht i bhfostaitheacht nua-aimseartha laghdú 66% idir 2018 agus 2020 agus ansin mhéadaigh sí 153% i rith an tréimhse torthaíomhais athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Tháinig laghdú foriomlán 14% ar an nglansreabhadh airgid le linn na tréimhse a breithníodh. Lean an fhostaitheacht nua-aimseartha an treocht atá ag dul san earnáil Aontais Eorpaigh.

([109]) CRialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/942 ón gCoimisiún, aithris (161).

(247) Chuaigh infheistíochtaí san earnáil Aontais Eorpaigh i laighead 41% idir 2018 agus 2020 agus ansin mhéadaigh siad arís 34% i rith an tréimhse torthaíomhais athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Tháinig méadú 21% ar an infheistíocht le linn na tréimhse a breithníodh. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú leanúnach ar stoc thionscal an Aontais. Déantar infheistíochtaí a dhéanamh chun an próiseas athchúrsála a fheabhsú le próiseas táirgthe nua, le caighdeáin níos airde táirgthe agus R&D, agus le haonaid ábhar déineadhra breise a fhorbairt ionas nach mbeidh ríomh ar sholáthraithe ábhar sna tíortha tríú páirtí. Déantar infheistíochtaí chun caighdeáin táirgthe a leathnú, go príomha, i 2018 agus 2019 agus thaispeánann siad a dtionchar in 2021, mar a dhéantar tagairt do Thábla 9. Déantar infheistíochtaí freisin i bhfuirniscí teicneolaíochta arda-leibhéil nua agus chun fuinneamh a shábháil.

(248) Is é an toradh ar infheistíochtaí an brabús i gcéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar. Bhí ais ar an infheistíocht ag an tionscal Aontais Eorpaigh i rith an tréimhse a breithníodh. Thaispeáin an ais ar an infheistíocht san earnáil Aontais Eorpaigh laghdú de 86% idir 2018 agus 2020 agus ansin mhéadaigh sí 322% i rith an tréimhse torthaíomhais athbhreithnithe i gcomparáid le 2020. Tháinig laghdú foriomlán 42% ar an méid táirgeachta le linn na tréimhse a breithníodh.

5.6. **Conclúid faoi dhíobháil**

(249) Thar barrannaí frithdhumpála atá i bhfeidhm, tá feabhas ag teacht ar shuíomh an earnáil Aontais Eorpaigh.

(250) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 53% ar an méid táirgeachta. Go sonrach, fuair iompórtálacha faoi IPP a tháinig ón tSín laghdú 56%. Ag an am céanna, laghdaigh an praghas de na hacmhainní a iompórtáladh faoi IPP ón tSín le linn an tréimhse a mheastar 16%.

(251) Bhí praghas na n-iompórtálacha ón tSín faoi IPP beagán níos airde ná praghsanna na hAontais Eorpaigh i rith na tréimhse 2018-2020 (3% in 2018, 3% in 2019 and 4% in 2020). Míníonn sé sin cén fáth a laghdaíodh meud na n-iompórtálacha ón tSín go seasamh i rith na tréimhse céanna idir 2018 agus 2020. Ag an am céanna, rinne praghsanna faoi IPP ón tSín a thomhas i rith an tréimhse torthaíomhais athbhreithnithe agus bhí na praghsanna sin 7% níos ísle ná praghanna na hAontais Eorpaigh. Lena chois sin, tharla go raibh ardú 14% ar mhéid na n-iompórtálacha ón tSín i rith an tréimhse torthaíomhais athbhreithnithe i gcomparáid le 2020, agus chuaigh sé sin i gcomhar le laghdú i dpraghasanna ón tSín.

(252) Meastar go bhfuair méid na díolacháin, cuidiú agus líon na bhfostaithe ardú ar fud na tréimhse. D'éirigh le tionscal na hAontais Eorpaigh dul i ngleic le méadú i díolachán i rith an tréimhse seo agus lean sé de réir méadaithe i dtéarmaí tomhaltachta.

(253) Ag an am céanna, thaispeáin an tionscal laghdú beag i dtáirgeadh agus úsáid cháilíochtaí i gcomhar leis an méadú ar an éileamh.

(254) Bhí comharthaí gortaithe chomhtháite ceangailte le feidhmíocht airgeadais na hearnála Aontais Eorpaigh (seasmhacht, cash flow, infheistíochtaí agus ais ar infheistíocht) dearfacha fud fad na tréimhse céanna, cé gur laghdaigh siad ar fud gach treochta.

(255) Ar bhonn an mhéid thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den Bhunrialachán le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6. **AN DÓCHÚLACHT GO GCUIRFÍ TÚS LE DÍOBHÁIL ARÍS**

(256) Ba é conclúid an Choimisiúin in aithris (255) nár bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den Bhunrialachán, ar cibé acu an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi ar an gcéad dul síos dá ligfí do na bearta dul as feidhm.

(257) I ndáil leis an méid sin, scrúdaigh an Coimisiún an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, tarraingteacht mhargadh an Aontais, na leibhéil praghsanna is dócha a bheidh ag allmhairí ón tSín in éagmais bearta frithdhumpála, agus a dtionchar dóchúil ar thionscal an Aontais.

Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín

(258) Mar a mhínítear sna hiontrálacha (147)-(154), tá acmhainneacht táirgeachta suntasach ag an tSín chun an táirge lena mbaineann a tháirgeadh de thart ar 90 000 tonna, agus acmhainneacht bhreise de (56 000 - 60 000) tonna. Comhfhreagraíonn acmhainneacht bhreise den sórt sin do bhreis agus 3,5 oiread thomhaltas mhargadh saor an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(259) I gcás easpa beart frithdhumpála, is é is dócha go n-úsáidfí an acmhainneacht bhreise chun táirgí a tháirgeadh lena n-onnmhairiú chuig an Aontas, toisc gur margadh tarraingteach é do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, mar a shonraítear in aithrisí (156)-(163). Níl tagairtí ann chomh maith go mbéadh ardú ar an éileamh ar an táirge atá faoi athbhreithniú i margaidh tríú tíortha agus sa Phoblacht Shíneach, agus léirigh an t-úsáid san Aontas athréimniú domhain ó 2020 i leith. De thoradh sin, is dócha go bhfuil ionchuireadh mór i gceist d'iontrálacha ón tSín a thabharfaidh isteach arís ar mhargadh na hAontais mura bhfuil bearta á gceistiú.

Leibhéil is dócha na bpraghasanna ar iontrálacha Sínis ar mhargaí an Aontais.

(260) Mar chomhartha ar an leibhéal praghsála a bhfuiltear ag súil go dtabharfar iontrálacha an earraigh á gceistiú ar an margadh Aontais, tógadh praghsanna iontrálacha Síneacha ar mhargaí an Aontais le linn tréimhse na fianaise iniúchta san áireamh. Mar atá leagtha amach in achoimre (191), rinneadh i ndeireadh na dálaí inpórtálacha go praiticiúil le haghaidh reimeas IPP ar mhaithe leis an Aontas le linn tréimhse na fianaise iniúchta. Ar an mbasis seo, fós bheadh na praghsanna IPP go leithneach gan dleacht frithdhumpála agus le táillí custaim, ag seasamh go 2% níos ísle ná praghsanna tionscal an Aontais. Dá bhrí sin, ós rud é go raibh praghsanna allmhairiúcháin na Síne níos ísle ná praghsanna thionscal an Aontais, is dócha go dtiocfadh méadú ar allmhairí Síneacha gan na bearta reatha.

Tionchar ar thionscal an Aontais

(261) De bharr na saorriachtaí móra, is dócha go n-ardóidh tomhais iontrála Síneacha go suntasach agus go gcuirfidh sé brú praghsanna suntasacha ar mhargadh an Aontais. Faoi scéimh na n-iontrálacha seo, is dócha nach mbeidh ar thionscal an Aontais leibhéil praghsála lena mbainfidh siad seilbhe ar feadán, ach beidh orthu praghsanna a laghdú agus iad a chomhordú le praghsanna iontrálacha Sínis.

(262) Cé go bhfuil sé dólartha go mbeidh tionscal an Aontais in ann na hacmhainní sin a athchóiriú agus praghsanna a chomhordú le praghsanna iontrálacha Sínis, ní mór a bheith soiléir go mbeidh ar aon ioncam atá ag an tionscal go leibhéal folamh ar feadh na tréimhse mheán téarma agus ghearáin, mar go mbeidh sé (go príomha) faoi chéatadán na bhforiomlán-tógála 10%. Mar sin féin, ní hionann an cás sin agus caillteanas mhéid díolachán thionscal an Aontais is dócha a tharlóidh má chuirtear deireadh leis na bearta mar a mhínítear in aithris (163). Ina dhiaidh sin, tá leibhéil ioncaim áirithe ag teastáil go soiléir ó thionscal an Aontais chun coinneáil ar áis riaracháin a leasú agus chun an próiseas táirgthe athchúrsála a fheabhsú, ag cónaí ar na deacrachtaí atá ann maidir le soláthar na hábhar rómhaithreach, chun iomláineoirí a fheabhsú agus a thionscadail iomláine agus cleachtais R&D a leathnú chun táirgí gráin níos fearr a chur ar fáil, agus le haghaidh forbairt a dhéanamh ar acmhainní ábhar ciúin níos lú a fháil ionas nach mbeidh orthu ciontaigh theisceoirí ábhar treasa tíortha.

(263) Chomh maith leis sin, shíl an Coimisiún go bhfuil saothraí tionscail Síneacha in ann praghsanna a laghdú ar iontrálacha don Aontas, agus iad ag díol le haghaidh praghasanna níos airde do thíortha tríú tíortha eile. Ag brath ar na saorriachtaí móracha sa tSín agus ar an bhfíric nach léirigh an fhianaise a bhailigh an t-eolas sin go bhféadfadh na saorriachtanais sin a bheith i measc scátálaí teanga tríú tíortha nó sa mhargadh Síneach inmharthana, tá spreagadh ar ardchaighdeán ag na táirgí seachadta Síneacha an praghas a laghdú fiú níos ísle ná praghsanna IPP chun seilbh mhargaidh a fháil sa tionscal Aontasach. Is féidir sin a dhéanamh mar, a shonraítear in aithris (155), rialaíonn an tSín 60 % den chuibhreann acmhainní óir tungstain domhanda agus, ag an am céanna, íocann teastas tungstain 20 % airgid as teastas óir tungstain. Mar a luaitear i Tráchtáil. Chomh maith leis sin, tá costais iascárta farraige Sínis ó thairiscintí na fianaise iniúchta i gcomharthaí na mbreathnóirí a bhfuil ardú ardtraifid aitiúil ar fáil de bharr na srian tairisceana a cheadaigh an galar Covid-19. Faoi scéimh na n-iontrálacha sin, cuirfidh an líon árd ardú tromchúiseach praghsanna ar thionscal an Aontais maidir le carbhaid táingín tungstain, rud a chuirfidh orthu praghsanna a laghdú tuilleadh lena n-éiríonn leo fós a dhíol ar mhargadh an Aontais. Ag an am céanna, caillfidh tionscal an Aontais tomhaisí díolacháin freisin toisc nach mbeidh sé in ann a chur suas praghsanna chomh ísle le praghsanna Síneacha ar iontrálacha don mhargadh Aontais. Dá bhrí sin, tabharfaidh tionscal an Aontais freagra i bhfoirm laghdaithe ar phraghas agus ar an méid.

(264) Sa chomhthéacs seo, chuir an Coimisiún san áireamh dhá phríomhfhachtóir. Ar an gcéad dul síos, is tionscal atá dian ar chaipiteal é tionscal an Aontais agus baineann costais arda sheasta leis toisc nach féidir na foirnéisí a mhúchadh. Ar an dara dul síos, mar gheall ar an struchtúr costais sin, tá tionchar níos mó ag laghdú ar phraghsanna ar bhrabúsacht ná mar atá ag laghdú ar mhéid díolacháin, toisc gur féidir laghdú i méid díolacháin a ionsú fad is a chumhdaítear na costais sheasta.

(265) I bhfianaise an mhéid sin, mar a rinneadh san athbhreithniú roimhe seo ([110]), rinne an Coimisiún anailís ar chás ina laghdófaí méid díolacháin le 25 %. Tá sé dóchasach go bhfuil an scéimh seo le teacht go luath-théarmaíocht. I rúnscrúdú na mionsaothraithe, ardófaí 4 250 tonaí nó ach [10 - 13]% den acmhainneach neamhúsáidí Síneach. I gceapadh go mbeadh an freagra is dóichí ó thionscal an Aontais buanú praghas agus tomhaltas mar gheall ar a chéile, d'imigh an tionscal sin faoi chailliúint (cailliúint 2 % cheana féin nuair a rinneadh an cáilíochtú IPM) le linn an ama rúndála athbhreithnithe.

([110]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/942 ón gCoimisiún, aithris (183).

(266) Mar an dara cás, rinne an Coimisiún anailís ar an scéimh de laghdú 50% i líon na díolachán. Is dóichí go dtarlóidh an scéimh seo i réimse meántéarmach (2-3 bliana), go háirithe i réimsí ardánachta réamhghrádaithe agus táirgí beag luachaithe, áit a dtabharfar faoi d'úsáideoirí an chuid éigin táirgí níos saoire seachas an táirge céanna. I rúnscrúdú na mionsaothraithe, bhainfeadh laghdú den sórt sin ar 8 500 tonaí nó ar a laghad [21-26]% de acmhainneach neamhúsáidí Síneacha. Má chuirtear freagracht ar leithbhéim de laghdú praghsanna agus tomhaltas mionsamhlaithe ar fáil, d'imigh an tionscal san Aontas faoi chailliúint (rud a bhí ar siúl cheana féin 16% chailliúint nuair a rinneadh an cáilíochtú ar bhonn praghas IPM).

